365

Cúnamh Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2007

Gach lá cabhraíonn tú leis na daoine is boichte ar domhan.

Irish Aid
Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha



1

Mearfhreagairt sa tSúdáin

Le haghaidh an scéil iomláin féach ár n-alt ar Mhearfhreagairt ar leathanach 8.

2

Mearfhreagairt sa tSomáil

Le haghaidh an scéil iomláin féach ár n-alt ar Mhearfhreagairt ar leathanach 38.

3

Mearfhreagairt sa Mhósaimbic

Le haghaidh an scéil iomláin féach ár n-alt ar Mhearfhreagairt ar leathanach 52.

Práinnfhreagairt a Fuair Cabhair ó Chúnamh Éireann sa bhliain 2007

Clárthiortha

Réimsí Tosaíochta Eile

Faighteoirí Eile Cúnaimh

1

Mearfhreagairt sa tSúdáin

Le haghaidh an scéil iomláin féach ár n-alt ar Mhearfhreagairt ar leathanach 8.

2

Mearfhreagairt sa tSomáil

Le haghaidh an scéil iomláin féach ár n-alt ar Mhearfhreagairt ar leathanach 38

3

Mearfhreagairt sa Mhósaimbíc

Le haghaidh an scéil iomláin féach ár n-alt ar Mhearfhreagairt ar leathanach 52

Práinnfhreagairt a Fuair Cabhair ó Chúnamh Éireann sa bhliain 2007

Clárthíortha

Réimsí Tosaíochta Eile

Faighteoirí Eile Cúnaimh

Mearfhreagairt sa tSúdáin

08

Mearfhreagairt sa tSomáil

38

Mearfhreagairt i Mósaimbíc

52

Brollach 4
Freagairt d'Éigeandálaí 6
Na háiteanna ina n-oibrímid 13
Na dreamanna a mbímid ag obair leo 42
VEID agus SEIF 50
Saothar ar ár gcuid Oibre 56
Cúnamh Éireann in Éirinn 60
Iarscríbhinní 64

Brollach

Sa bhliain 2007 chonacthas daingniú agus comhdhlúthú breise ar chumas Chúnamh Éireann freagairt go héifeachtach d'éigeandálaí agus cur le baint amach spriocanna forbraíochta fadtéarmacha.

Ghlacamar lenár ndualgais sa Roinn Gnóthaí Eachtracha le linn tréimhse ina bhfuil clár Chúnamh Éireann ag fairsingiú, agus ag am a bhfuil dúshláin mhóra ann do na daoine is boichte sa domhan forbraíochta. Tá Éire anois ar an séú deontóir cúnaimh is mó ar domhan ó thaobh mhéid an airgid a chaitear mar chéatadán den Olltáirge Náisiúnta. Is féidir linn go léir a bheith mórálach as an dul chun cinn seo agus tá sé ag teacht lenár luachanna - dlúthpháirtíocht, meas ar chearta daonna agus dínit dhaonna - luachanna ar mór againn go léir sa tír seo iad. Ach ní beag an líon dúshlán a gcaithfimid iad a shárú má táimid chun fís Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Tá baint amach na spriocanna sin ar chuspóir uileghabhálach chlár Chúnamh Éireann.

Ba léiriú an léirscrios a rinne Cioclón Nagris in Burma agus an crith talún i gceantar Sichuan na Síne chomh leochaileach neamhchosanta is atá daoine bochta i dtíortha forbraíochta ar thubaistí nádúrtha agus ar athrú aeráide. Seoladh tionscnamh Mearfhreagartha Chúnamh Éireann sa bhliain 2007 mar réamhullmhúchán don ghá a bheadh le go bhfreagródh an pobal idirnáisiúnta ar bonn níos éifeachtaí do ghéarchéimeanna. Bhí an tionscnamh ar cheann de mhórfhorbairtí na bliana - bliain inar lean Cúnamh Éireann ag cur i bhfeidhm mholtaí Pháipéar Bán 2006 um Chúnamh Éireann.

Chuir Éire breis is €140 milliún ar fáil ag freagairt do riachtanais daoine i ngéarchéimeanna daonnúla i mbreis is 45 tír anuraidh, lena n-áirítear an Bhanglaidéis, i ndiaidh Hairicín Sidr, agus in Darfur agus Sead, áit a bhfuil cúrsaí daonnúla go hainnis ar fad faoi láthair. An aidhm atá ag an Tionscnamh Mearfhreagartha ná a chinntiú go gcaitear maoiniú go héifeachtach. Tugann sé aghaidh ar na bearnaí scileanna, ábhar agus comhordúcháin a bhí ann sa fhreagra a thug an pobal idirnáisiúnta ar shúnámaí na hÁise sa bhliain 2004 agus crith talún na Pacastáine sa bhliain 2005. Áirítear mar chuid den tionscnamh soláthairtí éigeandála a chur in áit roimh ré sa Churrach agus in Brindisi na hIodáile; Cór Mearfhreagartha a bhunú; agus feabhas a chur ar chumas na ngníomhaireachtaí idirnáisiúnta freagairt do ghéarchéimeanna. Leis an leibhéal ard maoiniúcháin seo tá Éire chun tosaigh ar thíortha eile ó thaobh a hiarrachtaí maolú a dhéanamh ar an tionchar léirscriosúil a bhíonn ag tubaistí nádúrtha agus ag éigeandálaí eile.

Léiríonn na scéalta sa tuarascáil seo ó bhaill den Chór Mearfhreagartha an méid is féidir a dhéanamh má tá cúnamh ar fáil. Oileadh beirt bhall Cóir is fiche anuraidh agus tá siad ullamh anois dá nglaofá orthu ar ghearrfhógra ag breith leo scileanna riachtanacha agus taithí chuig ár ngníomhaireachtaí comhpháirteacha.

Sa bhliain 2007 lean Cúnamh Éireann lena thacaíocht don atógáil iarchoinbhleachta agus do na riachtanais forbraíochta níos fadtéarmaí atá ag ár dtíortha comhpháirtíochta. Díríonn Cúnamh Éireann go háirithe ar Siarra Leon agus ar an Libéir, dhá thír atá ag teacht as coinbhleacht chathartha, agus iad i measc na dtíortha is boichte ar domhan. Sa Libéir amháin, maraíodh tuairim is ceathrú milliún duine le linn na coinbhleachta cathartha idir 1989 agus 2003. Tacaímid leis na córais bhreithiúnacha, phóilíneachta agus chúraim shláinte sa dá thír.

Sa bhliain 2007 cuireadh i bhfeidhm roinnt mhaith de na tionscnaimh a fógraíodh sa Pháipéar Bán:

I mí na Samhna, d'oscail Éire ambasáid in Lilongwe, príomhchathair naoú clárthír Chúnamh Éireann, An Mhaláiv; seolfadh clár déthaobhach cúig bliana de chúnamh chun na Maláive sa bhliain 2009.

Bunaíodh Tascfhórsa Ocrais chun dul i ngleic leis na cúiseanna le hocras ainsealach i dtíortha forbraíochta, agus táthar ag súil go gcuirfidh an Tascfhórsa tuairisc ar fáil gan rómhoill. Cuireadh ar bun Aonad Réitigh Choinbhleachta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha chun fónamh a bhaint as ár dtaithí ar phróiseas síochána chun cur leis na hiarrachtaí réiteach a fháil, ar roinnt de na coinbhleachtaí is docheansaithe ar domhan.

D'fhonn comhleanúnachas a chothú i measc na Rann Rialtais ó thaobh cúrsaí forbraíochta de, bunaíodh Coiste Idir-rannach Forbraíochta.

Bíonn dlúthbhaint ag prionsabail agus tosaíochtaí lárnacha Chúnamh Éireann, arna athdhearbhú sa Pháipéar Bán, lenár n-idirghabhálacha go léir. Ina measc tá comhpháirtíocht a chur chun cinn, go háirithe le tíortha forbraíochta, úinéireacht phoiblí ar chlár Chúnamh Éireann; a chinntiú go n-úsáidtear an cúnamh go héifeachtach; agus inbhuaine fhadtéarmach.

Tugtar tús áite i gcónaí do na hearnálacha sláinte agus oideachais i gclár Chúnamh Éireann. Chuireamar níos mó ná €100 milliún ar fáil anuraidh mar thacaíocht do na hiarrachtaí dul i ngleic le VEID agus SEIF agus le galair theagmhálacha eile.

Is féidir le droch-rialachas, caimiléireacht agus sáruithe ar chearta daonna an bonn a bhaint de shochair an chúnaimh. Oibríonn Cúnamh Éireann go díreach le rialtais chomhpháirtíochta d'fhonn dea-rialachas a chothú ach neartú a dhéanamh ar fhorais pharlaiminteacha, ar chórais bhreithiúnacha agus ar oifig iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar chaiteachas riachtanach.

Tacóimid leis an obair a dhéanann an tsochaí shibhialta agus na meáin neamhspleácha agus iad ag coimeád na rialtas cuntasach as a ndéanann siad. Tá an maoiniú a chuireann Cúnamh Éireann ar fáil dá thíortha chomhpháirteacha faoi réir na gcaighdeán is airde mionscrúdúchain agus meastóireachta.

Tríd síos an tuarascáil seo, cuirimid samplaí ar fáil den difríocht atá á dhéanamh ag ár n-idirghabhálacha agus ár gcomhpháirtíochtaí le haghaidh na ndaoine is leochailí ar domhan. Leagtar béim ar an dul chun cinn, agus ar an úsáid fhónta atá á baint as an maoiniú a chuireann cáiníocóirí na hÉireann ar fáil.

Micheál Martin TD
An tAire Gnóthaí Eachtracha



Peter Power TD
An tAire Stáit d'Fhorbairt Choigríche

Lúnasa 2008

Freagairt d'Éigeandálaí

Tá tús áite ag an bhfreagairt d'éigeandálaí in obair Chúnamh Éireann i dtíortha forbraíochta.

Téann éigeandálaí daonnúla, bídís ina n-éigeandálaí nádúrtha nó de dhéantús an duine, i gcion ar os cionn 300 milliún duine ar fud an domhain gach bliain. Sa bhliain 2007, chaith Cúnamh Éireann níos mó ná €140 milliún ag freagairt do riachtanais na ndaoine in anachain i mbreis is 45 tír. Caitheadh an t-airgead seo chun daoine a choinneáil ina mbeatha, faoiseamh a thabhairt ón bhfulaingt agus dínit dhaonna a chothú, le linn géarchéime agus dá éis, bídís ina dtubaistí nádúrtha nó ina gcoinbhleachtaí armtha. I gcás a lán de na tubaistí ní raibh a dtuairisc ar an nuacht, ach bhí riachtanais na ndaoine chomh géar céanna is a bhí riachtanais na ndaoine sna géarchéimeanna ar chualamar trácht orthu.

Caitheadh roinnt mhaith den airgead seo ag tacú leis na gníomhaíochtaí freagartha a bhíonn ar bun ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha. Faoi scéim phíolótach nuálaíoch, bronnadh ciste tiomnaithe don fhreagairt ar éigeandálaí de €500,000 an ceann ar thrí eagraíocht neamhrialtasacha, chun cuidiú leo freagairt do ghéarchéimeanna ar bhonn níos gasta. Chuidigh an scéim seo le Concern dul i mbun oibríochtaí fóirithinte i Sead Thoir i mí Iúil 2007, mar ar chuir siad cúnamh ar fáil do bhreis is 38,000 duine a bhí asáitithe ag an bhforéigean i limistéar Goz Beida.

Ar na gníomhaíochtaí éigeandála is mó a maoiníodh sa bhliain 2007 bhí soláthar bia, uisce, sláintíochta, fothana agus seirbhísí sláinte. Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí – idir mhianaigh a scrios san Afganastáin agus thacaíocht a sholáthar do dhaoine a bhí thíos leis an bhforéigean inscne-bhunaithe in Darfur.

I measc chaiteachas Chúnamh Éireann ar éigeandáil agus téarnamh sa bhliain 2007 bhí:

- €59 milliún chun tacú le hobair dhaonnúil na Náisiún Aontaithe. Bíonn ról ríthábhachtach ag gníomhaireachtaí speisialaithe na NA, amhail an Clár Domhanda Bia, Ard-Choimisinéir na NA do Dhídeanaithe agus Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe, UNICEF, i bhfreagairt d'éigeandálaí gan choinne agus éigeandálaí atá ann le fada an lá.
- €20 milliún chun tacú le mórthionscnamh nua de chuid na NA; an Lárchiste um Fhreagairt d'Éigeagnálaí. Seo ciste teannta d'fhonn feabhas a chur ar fhreagairt na NA do ghéarchéimeanna, lena n-áirítear na héigeandálaí 'dearmadta' mar dhea, a mbíonn sé deacair maoiniú a bhailiú faoina gcoinne. Ba í Éire an séú deontóir is mó a chuir airgead sa chiste sa bhliain 2007.
- €10 milliún chuig dhá chiste a bhain le tíortha ar leith arna riar ag na NA, sa tSúdáin agus i bPoblacht Daonlathach an Chongó. Cuireann na Comhchistí Daonnúla seo carn airgid ar fáil a leithdháileann oifigeach sinsearach um obair dhaonnúil na NA – an Comhordaitheoir Daonnúil - sa tír, ina dhiaidh sin. Meastar é seo a bheith ina bhealach níos fearr maoiniú a chomhordú lena chinntiú go n-úsáidtear é le haghaidh na dtionscadal is fiúntaí.
- €11 milliún chuig gluaiseacht na Croise Deirge, trí mheán a líonra de bhreis is 180 eagraíocht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg ar fud an domhan – agus tús áite ag an maoiniú seo sa fhreagairt idirnáisiúnta ar ghéarchéimeanna daonnúla. As an méid sin, tugadh €6.5 milliún mar thacaíocht 'lárnach' do Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC), ag cuidiú le hÉirinn ballraíocht a ghlacach le Grúpa Tacaíochta Deontóra an ICRC den chéad uair.
- €36.5 milliún d'eagraíochtaí neamhrialtasacha. I gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha agus idirnáisiúnta araon is féidir le Cúnamh Éireann tacú le raon leathan tionscadal atá ann chun dul i ngleic leis na riachtanais is práinní atá ag daoine a ndeachaigh géarchéim i gcion orthu.

Gníomhaíocht
Cuidiú le daoine atá thíos le tubaistí nádúrtha agus coinbhleachtaí armtha

Buiséad
€140 milliún

Príomhthoradh
Daoine fós ina mbeatha agus téarnamh neartaithe i mbreis agus 45 tír

Amuigh Chun Tosaigh

Tá tionscnamh Mearfhreagartha Chúnamh Éireann ag cuidiú le gníomhaireachtaí cúnaimh freagairt chomh gasta éifeachtach agus is féidir leo d'éigeandálaí daonnúla.

Tá Tionscnamh Mearfhreagartha Chúnamh Éireann, a seoladh i mí Feabhra 2007, ag cuidiú foireann agus soláthairtí éigeandála a sheoladh chuig limistéir inar tharla tubaiste ar bhonn níos gasta solúbtha. Bunaíodh an tionscnamh d'fhonn cur leis an gcumas freagairt d'éigeandálaí, tar éis don domhan a aithint go raibh bearnaí sa fhreagairt idirnáisiúnta ar dhá cheann de na géarchéimeanna móra a tharla le blianta beaga anuas, súnámaí na hÁise sa bhliain 2004 agus crith talún na Pacastáine sa bhliain 2005. Léiríonn sé freisin go bhfuil dúil mhór ag pobal na hÉireann tuilleadh a dhéanamh chun freagairt d'éigeandálaí daonnúla, agus cur lenár scileanna agus an méid atá foghlamtha againn faoi fhreagairtí dá leithéid. Tá trí ghné ag baint leis an tionscnamh: stoc-charnadh ar sholáthairtí daonnúla; cór mearfhreagartha; agus feabhas a chur ar chumas na ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta freagairt d'éigeandálaí.

Stoc-charnadh
Tá soláthairtí éigeandála le haghaidh 30,000 duine stoc-charntha ag dhá shuíomh, i gCampa na bhFórsaí Cosanta sa Churrach agus ag Bunáit Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe in Brindisi na hIodáile. I measc na nithe atá ann tá pubaill le haghaidh aimsir gheimhridh, blaincéid agus piocóidí agus sluaistí. Ó tosaíodh le feidhmiú an stoc-charntha i mí Lúnasa 2007, seoladh soláthairtí chuig éigeandálaí daonnúla sa tSúdáin, sa Phacastáin, sa Pheiriú, i mBúircíne Fasó, i Mailí agus in Uganda. Déantar an stoc-charnadh a bhainistiú de réir litir thuisceana leis an gClár Domhanda Bia (CDB) de chuid na Náisiún Aontaithe, a chuireann an dualgas ar an CDB soláthairtí éigeandála na hÉireann a fháil, a stóráil agus a iompar.

An Cór Mearfhreagartha
Earcaíodh beirt shaorálaithe agus caoga don Chór Mearfhreagartha nua le linn na bliana, agus seoladh ceathrar amach. Ba é Conor Lyons, loighisticeoir ó Dhurlas, a thaisteal chuig Colombo, Srí Lanca i Meán Fómhair 2007, an chéad duine ag obair leis an CDB. Fuair Conor bás go tobann in Colombo, cúpla lá tar éis dó imeacht amach ann. Is mór an chailliúint a bhás dá chairde i gCúnamh Éireann agus sa Chór Mearfhreagartha.

Ar dheis Dé go raibh a ainm uasal.

Seoladh triúr eile ón gCór le linn 2007; chuig Gníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR) sa tSomáil (Ionnaithe in Nairobi, sa Chéinia); chuig an gClár Domhanda Bia.

Tá baill an chór ar fáil le haghaidh imlonnú tapa go criosanna géarchéime ar feadh tréimhsí de thrí mhí ar a laghad. Roghnaíodh na saorálaithe tar éis feachtas earcaíochta i mí Feabhra 2007, agus bunaithe ar na scileanna a d'ainmnigh gníomhaíochtaí comhpháirtithe Chúnamh Éireann mar iad is mó gátar i ngéarchéimeanna. Tá comhpháirtíochtaí cúltaca ag Cúnamh Éireann le trí gníomhaíocht de chuid na Náisiúin Aontaithe: UNHCR, WFP agus an Oifig do Chomhordú Gnóthaí Daonnúlacha.

Ag feabhsú cumas práinnfhreagartha chomhpháirtithe
Chuaigh beirt phearsanra Éireannach isteach i bhfoireann práinnfhreagartha túslíne na Náisiúin Aontaithe i 2007, foireann darbh ainm an phróiseas Comhordaithe Measúnachta Tubaiste (UNDAC). Nuair a tharlaíonn géarchéim, is é seo an chéad fhoireann a chuirtear amach chun méid na riachtanais dhaonnúlacha a mheas. Sa chás seo, bhí an pearsanra déanta suas de bhall foirne de chuid Chúnamh Éireann agus ball de na Fórsaí Cosanta. Thug an Tionscnamh Mearfhreagartha maoiniú chomh maith do chostais oibríochta Iosta Freagartha Daonnúlach na NA don Afraic, atá bunaithe in Accra, Gána; agus sholáthraigh sé maoiniú do ullmhacht agus oiliúint feabhsuithe géarchéime i measc ár gcomhpháirtithe NA agus neamhrialtasacha.

"Léiríonn an Tionscnamh Mearfhreagartha go bhfuil dúil mhór ag pobal na hÉireann tuilleadh a dhéanamh chun freagairt d'éigeandálaí daonnúla."

brady
paul

Difríocht á dhéanamh.

Bhí Denis Killian sa bhaile san áras beag a bhí ina “theach aíochta” ag UNOCHA in Nyala, Darfur Theas, nuair a thosaigh na glaonna ag teacht isteach. Bhí tuairiscí ag teacht isteach ó oibrithe daonnúla amuigh sa chúige faoi ghéarchoimhlint idir treibheanna i gceantar Sania Afunda.

Chruthaigh na tuairiscí "pictiúr uafásach" de shráidbhailte a bheith á gcreachadh agus daoine á ndíláithriú le bagairt gunnaí. Bhí na hoibrithe daonnúla, as eagraíochtaí idirnáisiúnta neamhrialtasacha, ag tabhairt aire do dhaoine a bhí ag teitheadh ó na ruathair ach ní raibh aon rochtain acu ar na háiteanna a raibh na daoine ag teitheadh astu, agus mar sin ní raibh siad in ann a dheimhniú cé chomh tromchúiseach is a bhí an cás.

Bhí sé de chúram ar Killian in Darfur glacadh leis na glaonna seo agus idirghabháil a dhéanamh le Misean Afracach na Náisiún Aontaithe i Darfur, le fáil amach cad é go díreach a bhí ag titim amach agus cad a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi. Ó thosaigh sé mar bhall de Chór Mearfhreagartha Chúnamh Éireann, cuireadh amach é i mí Eanáir mar "oifigeach comhordaithe daonnúil sibhialta-míleata" le UNOCHA, gníomhaireacht chomhordaithe dhaonnúil na Náisiún Aontaithe.

Is cuid de chastacht an cháis in Darfur é go measann go leor de na páirtithe sa choimhlint go bhfuil Misean na Náisiún Aontaithe, atá faoi shainordú ag an Tionól Ginearálta agus ag an gComhairle Slándála, agus neodrach go hoifigiúil, claonta i leith taoibh amháin. Dá thoradh sin, bíonn drogall ar a lán de na heagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith rócheangailte leis an Misean. Ach tá freagairt chomhsheasmhach chomhordaithe ag teastáil mar gheall ar gur cás casta daonnúil agus slándála atá ann, agus mar sin bhí sé de chúram ar Denis Killian cumarsáid agus comhordú idir an Misean agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chomhordú.

Ba ghá dó caidreamh iontaofa a fhorbairt go mear sa ról seo. Nuair a tháinig glaonna isteach faoi ainghníomhartha Sania Afnda, bhí Killian in ann dul ar an bhfón go lucht teagmhála in UMAMID, agus cuireadh patról míleata NA amach laistigh de chúpla uair an chloig. Dhearbhaigh sé seo méid an fhoréigin: bhí an sráidbhaile "scriosta go hiomlán, botháin dóite go talamh, poill uisce scriosta", ar seisean.

Mar go raibh an fórsa míleata in ann an fhaisnéis seo a fháil, "bhí an pictiúr iomlán ar fáil go mear, laistigh de cheithre huaire fichead". Chabhraigh an fhaisnéis seo leis an bpobal daonnúil meastachán mear a dhéanamh, a bhí níos éifeachtaí ná mar a bheadh sé mura mbeadh an fhaisnéis bailithe ag na saighdiúirí.

Is rud nádúrtha é an comhordú seo idir gníomhaireachtaí míleata agus daonnúla. Chaith sé 23 bliain san arm, ar dualgas sa Liobáin, sa Mheánoirthear, san Iar-Iúgslaiv agus san Albáin, ag éirí as sa bhliain 2001 mar cheannfort. Chaith sé cúig bliana ansin ag obair in earnáil an mhíchumais intleachtaigh i nGaillimh, le Ability West. San Arm chonaic sé "cásanna a bhí garbh go leor", mar a raibh sé le brath "go raibh difríocht á dhéanamh agat", agus bhí fonn air an taithí sin a fháil arís. Nuair a chuala sé faoin gCór Mearfhreagartha, chonaic sé "gur deis mhaith a bhí ann chun rud éigin a thabhairt ar ais".

Sannadh gearrthéarmach a bhíonn sa Chór Mearfhreagartha ó nádúr: agus bhí Killian ar ais in Éirinn i mBealtaine. Ach, mar go raibh an post ag brath ar theagmhálacha pearsanta, tá sé de nádúr ann freisin "dá fhad a bhíonn tú ina bhun, is ea is éifeachtaí a bhíonn tú." Tá sé ag súil le dul ar ais go Darfur leis an gCór Mearfhreagartha agus UNOCHA sa bhliain 2008.

"Chruthaigh na tuairiscí "pictiúr uafásach" de shráidbhailte a bheith á gcreachadh agus daoine á ndíláithriú le bagairt gunnaí."

Forchana, Oirthear Sead. Greim láimhe ag bean ar a garpháiste i gcampa teifeach atá á reáchtáil ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Theifigh (UNHCR) in aice le teorainn Shead agus na Súdáine. Tugtar dídean do thimpeall 60,000 teifeach Súdánach a theith ó choinbhleacht Darfur sa champa.

An ghéarchéim is measa ar domhan i gcónaí

Tá maoiniú á dhéanamh ag Cúnamh Éireann ar idirghabhálacha éagsúla in Darfur agus Sead ach leanann cúis na géarchéime, an choinbhleacht, ar aghaidh.

Bhí an ghéarchéim in Darfur agus in oirthear Shead ar cheann de na géarchéimeanna daonnúla is measa ar domhan sa bhliain 2007. Tá an choinbhleacht in Darfur in iarthar na Súdáine ar siúl ó lár na bliana 2003. Creidtear go bhfuil idir 200,000 agus 400,000 duine básaithe de bharr na coinbhleachta agus suas le 1.6 milliún duine tar éis teitheadh óna dtithe. Tá timpeall 200,000 duine tar éis teitheadh trasna na teorann go Sead, tír a fhulaingíonn ó ionsaithe trasteorann ó mhílíste Janjaweed na Súdáine agus ó choinbhleacht inmheánach chomh maith.

Chuaigh coinníollacha oibriúcháin chun donais i rith na bliana 2007 do ghníomhaireachtaí cúnaimh. Chuir bagairtí slándála agus bacainní eile a bhaineann leis an gcoinbhleacht isteach ar oibríochtaí sábhála beatha. D'éirigh leas na ndaoine níos measa fós.

Tugadh €500,000 do Concern faoi scéim phíolótach Chúnamh Éireann, an Ciste um Fhreagairt Ghéarchéime, sa bhliain 2007, a chuir ar a gcumas cúnamh ríthábhachtach a thabhairt do bhreis is 38,000 duine in oirthear Shead. Ó mhí Iúil 2007, ghlac Concern freagracht as bainistiú suímh i gceithre champa do Dhaoine Díláithrithe go hInmheánach atá lonnaithe timpeall ar bhaile Goz Beida. Thug Dermot Ahern TD, a bhí ina Aire Gnóthaí Eachtracha ag an am, cuairt ar oibriúchán Concern in Goz Beida le linn a chuairte ar an tSúdáin agus Sead i mí na Samhna, 2007.

Chuir Cúnamh Éireann €15.2 milliún ar fáil chun tacú le seachadadh cúnaimh in Darfur agus in Oirthear Shead sa bhliain 2007.

Caitheadh €3.9 den tsuim seo ar chúnamh do Darfur. Tugadh €3 mhilliún eile do Chiste Coitianta Daonnúil na Súdáine, an Comhordaitheoir Daonnúil. Rinne Cúnamh Éireann cionroinnt €2 mhilliún d'fhórsa síochánaíochta Aontas na hAfraice sa tSúdáin agus €500,000 mar thacaíocht do chainteanna síochána Darfur.

Thacaigh Cúnamh Éireann le gníomhaíochtaí roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha in Darfur, lena n-áirítear Concern, Trócaire, Oxfam agus an Coiste Tarrthála Idirnáisiúnta.

Ba í Éire an ceathrú ranníocóir ba mhó a thug cúnamh daonnúil do Shead sa bhliain 2007. Chuir Cúnamh Éireann €4.75 milliún ar fáil do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear Concern agus Médecins Sans Frontières.

Chuir an Roinn Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bia €2 mhilliún eile ar fáil d'Aersheirbhís Dhaonnúil na Náisiún Aontaithe i Sead.

Seoladh misean míleata an Aontais Eorpaigh go Sead agus go Poblacht Lár na hAfraice, EUFOR Tchad/RCA go foirmiúil i mí Eanáir 2008. Is í aidhm EUFOR Tchad/RCA an tslándáil a fheabhsú dóibh siúd uile atá díláithrithe in Oirthear Shead agus in oirthuaisceart PLA, rochtain dhaonnúil a fheabhsú agus slándáil a sholáthar do mhisin phóilíneachta ghaolmhara na NA. Is í Éire an dara tír is mó atá ag soláthar saighdiúirí don mhisean.

Gníomhaíocht
Freagairt ghéarchéime i Sead agus Darfur

Buiséad
€15.2 milliún

Príomhthoradh
Cúnamh ríthábhachtach a sholáthar do os cionn 38,000 duine díláithrithe in Goz Beida, oirthear Shead

Tá naoi gclárthír ag Cúnamh Éireann. Is tíortha iad seo ina mbíonn Cúnamh Éireann ag obair i gcomhpháirtíocht straitéiseach leis an rialtas chun tacú le laghdú na bochtaineachta agus leis an bhforbairt. Ach tá mór-riachtanas i mórán tíortha eile freisin, agus tacaíonn Cúnamh Éireann freisin le réimse tionscadal agus eagraíochtaí atá ag obair i dtíortha ón Afraic Theas go Siarra Leon. Tá liosta de na tíortha a dtugann Cúnamh Éireann maoiniú dóibh ar fáil in iarscríbhinn 16. Tugann an rannóg seo sonraí faoi obair Chúnamh Éireann sna naoi gclárthír agus i dtíortha eile a bhfuil rannpháirtíocht shuntasach ag Cúnamh Éireann iontu.

Clárthíortha

An Aetóip 14
Leosóta 16
An Mhaláiv 18
Mósaimbíc 20
An Tansáin 22
An Tíomór Thoir 24
Uganda 26
Vítneam 28
An tSambia 30

An Aetóip: Beart Nua do na Bochtáin

Cabhraíonn cúnamh na hÉireann don Aetóip chun na bochtáin a chosaint ón ngorta.

Chabhraigh Cúnamh Éireann le seacht milliún duine a chothú san Aetóip sa bhliain 2007, méadaíodh líon na mbunmhúinteoirí cáilithe faoi dhó agus tógadh agus feistíodh 500 ionad sláinte. Cé go bhfuil cuid de na príomhthráscairí bochtaineachta feabhsaithe, ní éireoidh leis an Aetóip na spriocanna a leagadh síos i Spriocanna Forbartha na Mílaoise do 2015 a bhaint amach.

Is í an Aetóip an tír is boichte de chlárthíortha Chúnamh Éireann. Maireann os cionn trí cheathrú den daonra atá ag fás go mear ar níos lú ná $2 sa lá agus easpa cothaithe ar bheagnach leath na leanaí faoi chúig bliana d'aois.

Fiú i mblianta dea-fhómhair bíonn easpa ainsealach bia san Aetóip a chuireann isteach ar os cionn seacht milliún duine. Is í seo an réasúnaíocht atá laistiar de chlár na Líonta Táirgiúla Sábháilteachta, a dtabharfaidh Cúnamh Éireann cionroinnt €9 milliún dó sa bhliain 2008. Tugann an clár airgead nó bia ('líon sábháilteachta') do dhaoine bochta, ar son a gcuid rannpháirtíochta i scéimeanna oibreacha poiblí a théann chun sochair do na pobail áitiúla. Bhí os cionn seacht milliún duine rannpháirteach sa bhliain 2007, ag tógáil bóithre tuaithe agus scoileanna, agus ag athshlánú talún díghrádaithe. Tá bóithre go háirithe ríthábhachtach – tugann siad rochtain ar sheirbhísí agus ar mhargaí sna hionaid daonra do cheantair iargúlta.

Tá deich míle ciliméadar de bhóithre tógtha agus á gcothabháil faoin gclár, agus tá 60 milliún crann curtha.

Chaith Cúnamh Éireann €17 milliún sa bhliain 2007 ag tacú le seirbhísí bunúsacha oideachais, sláinte agus VEID agus SEIF in dhá chúige san Aetóip: Tigray agus Réigiún na Náisiún, na Náisiúnachtaí agus na bPobal Deisceartacha (ar a dtugtar SNNPR). Maoiníodh tógáil agus feistiú 500 ionad sláinte in SNNPR, rud a mhéadaigh clúdach sláinte iomlán an réigiúin tuaithe seo 70%. Chuir Cúnamh Éireann €2.5 milliún ar fáil chomh maith do chógais riachtanacha agus do threalamh míochaine, lena n-áirítear vacsaíní, fearais fhrithghiniúna agus eangacha corrmhíolta le cóireáil fheithidicíte.

D'áisigh tacaíocht Chúnamh Éireann do Chlár Forbartha Múinteoirí na hAireachta Oideachais oiliúint 250,000 múinteoir, rud a mhéadaigh céatadán na múinteoirí láncháilithe faoi dhó (ó 2005).

Chaith Cúnamh Éireann os cionn €3.5 milliún sa bhliain 2007 ar an earnáil rialachais. Úsáideadh an t-airgead seo chun tacú le hathchóiriú na hearnála poiblí, le neartú na n-institiúidí parlaiminteacha, le heagraíochtaí áitiúla atá ag obair ar shaincheisteanna cearta daonna agus rialachais, agus le tograí athchóiriúcháin eacnamaíochta agus micrea-airgeadais.

"Tá deich míle ciliméadar de bhóithre tógtha agus á gcothabháil faoin gclár, agus tá 60 milliún crann curtha."

€32 million
Programme Spend 2007

169 out of 177
Ranking on the Human Development Index

78 million
Population

1994
Programme Country Since

Key Programme
Productive Safety Nets Programme

Key Success
The programme prevents between seven and eight million Ethiopians from facing starvation each year

Ag cabhrú le daoine cabhrú leo féin

"Níl teaghlach Lem Lem Kashay i mbaol ón ocras níos mó."

Tá méar dheis Haftay Berhe s málaithe le dúch tar éis dó síniú ag pointe íocaíochta míosúil do chlár Líonta Sábháilteachta a fhaigheann tacaíocht Chúnamh Éireann, agus a thugann cúnamh do os cionn 7 milliún duine san Aetóip. Tá baitín cadáis ina lámh chlé tar éis tástáil dheonach VEID.

Soláthraíonn cláir oibreacha poiblí ioncam bunúsach do na daoine is boichte san Aetóip agus is bealach amach as bochtaineacht iad

Tá seachtar leanbh á dtógáil ag Lem Lem Kashay ina haonar i sráidbhaile Katun, i réigiún Atsbi Womberta Woreda i dTigray san Aetóip. Is beag oideachais fhoirmiúil a fuair sí, d'fhág a fear í chun dul ag obair i mianaigh salainn i réigiún eile, agus tá feirm bheag aici i gceantar a fhulaingíonn triomacht. Bíonn sé deacair di mar sin a clann a chothú.

Sa bhliain 2005, thosaigh Lem Lem Kashay ag glacadh páirte i gClár na Líonta Sábháilteachta Táirgiúla, a thugann airgead nó bia do dhaoine bochta ar son a gcuid rannpháirtíochta in oibreacha poiblí. Bhí cosaint agus feabhsú an tsoláthair áitiúil uisce ar cheann de na tionscadail áitiúla.

Chaith Lem Lem Kashay 15 lá sa mhí ag obair agus fuair sí pá beag, go leor chun a clann a chothú. Chabhraigh an obair le méid an uisce a bhí san abhainn a ritheann thar fheirm Lem Lem Kashay a mhéadú (abhainn a bhíodh ag triomú roimhe seo) agus, den chéad uair, bhain sí farasbarr beag as an bhfeirm agus dhíol sí é sa mhargadh áitiúil. D'úsáid sí an t-ioncam breise seo chun paiste beag talún a fháil ar cíos ó chomharsa agus achar na feirme a mhéadú.

Níl teaghlach Lem Lem Kashay i mbaol ón ocras níos mó. Tá sín in ann a clann uile a chur ar scoil agus tá sí ag súil go bhfaighidh siad oideachas tríú leibhéal agus go mbeidh poist ghairmiúla acu amach anseo. Tá ag éirí chomh maith sin lena feirm nach gá di obair ar an gclár níos mó. Thug Cúnamh Éireann €9 milliún do Chlár na Líonta Sábháilteachta Táirgiúla sa bhliain 2007.

Ag troid le VEID agus SEIF i Leosóta

Tá léirscrios déanta ag SEIF ar Leosóta, ach tá comharthaí ann go bhfuil ag éirí leis an gcomhrac ina choinne.

Tá an tríú ráta ionfhabhtaithe VEID is mó ar domhan ag Leosóta , 23.2%. Tá an t-ionchas saoil tar éis titim go 42 bliain, agus thit rangú Leosóta in Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe ó na 1990í déanacha, go 138.

Mar sin féin tá dul chun cinn mór déanta sa chomhrac i gcoinne VEID agus SEIF le blianta beaga anuas, agus tá €4.8 milliún caite ag Cúnamh Éireann ag tacú leis sa bhliain 2007. Tá infhaighteacht chóireáil aisvíreasach tar éis méadú níos mó ná faoi dhó ó 2005, agus faigheann 51% díobh sin atá ina ghátar an chóireáil anois. Tacaíonn Cúnamh Éireann le comhpháirtíocht idir an Aireacht Sláinte i Leosóta agus Fondúireacht Clinton, atá ag obair chun seirbhísí a fheabhsú sna ceantair is iargúlta sa tír. Tá ceithre ionad sláinte tuaithe, a athchóiríodh faoin gcomhpháirtíocht, ag soláthar cóireála do os cionn 1,200 duine a mhaireann le VEID agus SEIF. Earcaíodh os cionn céad altra lánchailithe agus tá níos mó ná 50% díobh sin imscartha go hionaid sláinte i gceantair tuaithe.

Tacaíonn Cúnamh Éireann freisin le heagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta, a thugann comhairleoireacht agus seirbhísí tástála VEID agus SEIF go ceantair iargúlta sléibhe agus chuig pobail nach ndéantar mórán freastail orthu. I dtionscal na teicstíle, ar mná is mó atá ag obair ann, tá an rochtain ar sheirbhísí VEID agus SEIF méadaithe 40% le dhá bhliain anuas, a bhuíochas le hobair na n-eagraíochtaí seo.

Tá Cúnamh Éireann ag tacú chomh maith le straitéis náisiúnta VEID agus SEIF a fhorbairt. Tá sí seo á hullmhú ag an gCoimisiún Náisiúnta SEIF, le cúnamh ó UNAIDS. Tá sé de sprioc ag an gCoimisiún Náisiúnta SEIF an eipidéim a stopadh faoi 2015. Tugann gach Aireacht 2% dá bhuiséad bliantúil don Choimisiún chun na críche seo.

Bhí Leosóta ar cheann de na ceithre thír san Afraic a fuair cúnamh forbartha ó Éirinn ar dtús, sa bhliain 1975 (mar aon leis an Tansáin, an tSaimbia agus an tSúdáin). Chomh maith le VEID agus SEIF, bíonn Cúnamh Éireann ag obair sna hearnála sláinte, oideachais, rialachais, uisce tuaithe agus sláintíochta. San earnáil rialachais, tacaíonn Cúnamh Éireann le Clár Athchóirithe an Rialtais um Fheabhsúchán san Earnáil Phoiblí, le hOifig an Ombudsman, agus leis an gCoimisiún Neamhspleách Toghcháin.

Tá plean nua cúig bliana á chur i gcrích don tír faoi láthair, i gcomhairle le Rialtas Leosóta . Téann timpeall 80% de mhaoiniú Chúnamh Éireann go Leosóta go díreach chuig na príomhaireachtaí rialtais amhail sláinte agus oideachas. Faoin bpáipéar straitéise tíre a bhí ann roimhe seo, do na blianta 2005 go 2007, thug Cúnamh Éireann €27 milliún do Leosóta. Bhí sé á chomhlánú le €5 mhilliún breise chun tacú leis an gcomhpháirtíocht idir Fondúireacht Clinton agus an Aireacht Sláinte

"Tá sé de sprioc ag an gCoimisiún Náisiúnta SEIF an eipidéim a stopadh faoi 2015."

€9 milliún
Caiteachas an Chláir 2007

138 as 177
Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna

2.1 milliún
daonra

1975
Clárthír ón mbliain

Príomhchlár
VEID agus SEIF

Príomhghnóthachtáil
Infhaighteacht an chóireáil aisvíreasach a mhéadú faoi dhó

An t-othar saineolach

"Mar 'othar saineolach' d'fhéadfaí a cheapadh gur altra í."

Cúramóir ag imirt le leanaí a chaill a gcuid tuismitheoirí le SEIF i ndílleachtlann i Leosóta

Clár nuálach a chabhraíonn le daoine atá VEID-dhearfach cabhrú le daoine eile.

Is "othar saineolach í Miriam Phoofolo. Tá sí VEID-dhearfach le deich mbliana. Le dhá bhliain anuas tá cóireáil aisvíreasach á ghlacadh aici, atá curtha ar fáil ag an gcomhpháirtíocht idir Fondúireacht Clinton agus an Aireacht Sláinte, i gclár a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann. D'fheabhsaigh a sláinte go mór leis an gcóireáil, agus ag deireadh na bliana 2005 thug sí faoi chlár nuálach oiliúna leis an gcomhpháirtíocht.

Sa cheardlann deich lá, oileadh Miriam Phoofolo i gcomhdú, comharthaí beatha a thógáil agus comhairle a chur ar othair faoin gcaoi lena gcógas aisvíreasach a ghlacadh.

Bhí sí oilte ansin chun cúnamh a thabhairt don fhoireann leighis ag an gclinic áitiúil. Thosaigh sí ag obair sa chlinic i mí na Nollag 2005, mar a fhaigheann sí liúntas €45 sa mhí.

Ag an gclinic, bíonn sí ag cabhrú leis na hothair a mheá, ag tógáil teochtaí, ag comhdú, ag comhairliú agus ag aistriú don dochtúir. Mar 'othar saineolach', d'fhéadfaí a cheapadh gur altra í. Leis an oiliúint bhunúsach agus an taithí atá aici, agus an t-eolas pearsanta atá aici ar an tinneas agus ar an gcóireáil, is ball fíorluachmhar d'fhoireann an ospidéil í. Tá tacaíocht fhíor-riachtanach á chur ar fáil ag Miriam agus daoine eile cosúil léi don tseirbhís sláinte atá chomh gann i bhfoireann cháilithe. Is mór an t-athrú a dhéanann sásamh na hoibre agus an tuarastal beag di féin – blianta beaga ó shin bhí sí róthinn chun obair ar bith a dhéanamh agus ag brath ar a teaghlach.

"Bheartaigh mé dul ag obair anseo mar go dteastaíonn uaim daoine eile atá VEID-dhearfach a spreagadh chun leanúint leis an saol agus ní mór dúinn maireachtáil go dearfach. Bím á rá leo i gcónaí go raibh mé féin sa riocht céanna agus conas a d'fhoghlaim mé faoi mo stádas na blianta ó shin."

Thug Cúnamh Éireann €3.7 milliún mar thacaíocht don chomhpháirtíocht idir Fondúireacht Clinton agus an Aireacht Sláinte sa bhliain 2007. Tá an chomhpháirtíocht ag obair chun seirbhísí VEID agus SEIF a fheabhsú sna ceantair is iargúlta sa tír, le:

- Clinicí a athchóiriú,
- Córais soláthair agus bainistiú drugaí a fheabhsú,
- Oibrithe sláinte a earcú agus a oiliúint agus a chinntiú go mbíonn cóireáil VEID ar fáil níos mó do leanaí

An Mhaláiv: Misean taidhleoireachta

Is comharthaí í ambasáid nua na hÉireann in Lilongwe den chomhoibriú neartaithe i gcoinne na bochtaineachta.

Bhunaigh Éire ambasáid in Linolgwe na Maláive i mí na Samhna 2007, mar chomhartha ar dhoimhniú an chaidrimh idir an dá thír. Tá timpeall €3 mhilliún sa bhliain curtha ar fáil mar mhaoiniú ag Cúnamh Éireann ó bhí géarchéim bia ann sa bhliain 2002. Sa bhliain 2008, méadófar é seo go €10 milliún agus sa bhliain 2009 seolfar clár déthaobhach cúnaimh 5 bliana. Is comhartha é seo d'ainmniú na Maláive mar an naoú 'clárthír' ag Cúnamh Éireann, mar a moladh sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann.

Beidh an clár cúig bliana ag díriú ar shlándáil bia agus ar dhea-rialachas. Cé go bhfuil ráta an-ard bochtaineachta ann, aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil dea-bhainistiú á dhéanamh ar an eacnamaíocht le blianta beaga anuas.

Ó tugadh isteach fóirdheontais do na feirmeoirí is boichte, a chuir ar a gcumas leasú agus síolta d'ardchaighdeán a cheannach, níl an Mhaláiv ina glaniomportálaí bia níos mó agus tá go leor gráin bhuí á tháirgeadh aici chun í féin a chothú, agus tá staidéar á dhéanamh ag comharsana Afracacha na Maláive ar a cuid beartas.

Tá 85% den daonra ag brath ar thalmhaíocht mionghabháltas, agus an mheánfheirm sa Mhaláiv níos lú ná heicteár in achar. Bíonn sé deacair d'fhormhór na bhfeirmeacha go leor gráin bhuí a tháirgeadh do theaghlach. Chomh maith leis sin cuireann teagmhais fhánacha aeráide isteach go mór ar an Mhaláiv, amhail triomaigh agus tuilte, agus dá thoradh sin bhí ganntanas bia agus gorta ann ar ócáidí éagsúla ón mbliain 2002 i leith.

Tá ionchais na tíre ó thaobh fhás na heacnamaíochta sa todhchaí srianta aige seo agus ag spleáchas ard na tíre ar an talmhaíocht, agus ag an mbonneagar lag, leitheadacht ard VEID agus SEIF (14% den daonra fásta), ionchas íseal saoil (39 bliain), agus fás ard sa daonra. Déanann deontóirí maoiniú ar thimpeall 50% den bhuiséad náisiúnta (timpeall $500 milliún) amhail an AE, an RA, An Ghearmáin, An Iorua, Ceanada, an tSeapáin agus gníomhaireachtaí iltaobhacha, ar nós an Bhainc Dhomhanda agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh slándáil bia de, beidh ar an Mhaláiv brath ar thacaíocht Chúnamh Éireann, agus dheontóirí eile, go ceann na mblianta fada.

"Bhí an Mhaláiv ina glaniomportálaí bia ach tá go leor gráin bhuí á tháirgeadh anois aici chun í féin a chothú."

165 as 177
Rangú san Innéacs Forbartha Daonna

12.7 milliún
Daonra

2007
Clárthír ón mbliain seo

Príomhchlár
Slándáil bia

Príomhghnóthachtáil
Ioncam na bhfeirmeoirí méadaithe faoi dheich ó bhí tionscadal píolótach i gceantar Dedza

Prátaí nua

“Ní bheidh níos mó maoinithe á lorg againn ó Chúnamh Éireann do na feirmeoirí seo.”

Tá a dtáirgeacht méadaithe go mór ag feirmeoirí prátaí i sráidbhaile Bembeke, Ceantar Dedza, i dtionscadal a fuair tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Tá comhpháirtíocht nuálach ag tabhairt sochair d’fheirmeoirí prátaí sa Mhaláiv.

Tá ioncam na bhfeirmeoirí i gceantar Dedza na Maláive méadaithe faoi dheich ó cuireadh tús le tionscadal le tacaíocht Chúnamh Éireann.

‘Ní bheidh níos mó maoinithe á lorg againn ó Chúnamh Éireann do na feirmeoirí seo’ arsa bainisteoir an tionscadail Esther Mweso.

‘Tá cuntas bainc oscailte ag a lán acu cheana féin, agus ciste rothlaithe bunaithe acu chun íoc as leasú agus ionchuir eile.’

Tugadh córais uiscithe agus cineálacha prátaí síl le hardtáirgiúlacht do na feirmeoirí, rinneadh ráthú ar mhargadh agus ar phraghas fabhrach dá dtáirgí faoi chomhaontú nuálach le cuideachta bia ón earnáil phríobháideach, Universal Industries.

Bhí na feirmeoirí seo an-leochaileach don triomach roimhe seo agus d’fhulaing siad ganntanas bia go rialta.

Is comhoibriú é an tionscadal, atá á mhaoiniú ag Cúnamh Éireann, idir Concern Universal agus ionad taighde an Ionaid Idirnáisiúnta Prátaí. Bhí 172 feirmeoir rannpháirteach sa chéad chéim mar thionscadal píolótach. Táthar ag súil anois gur féidir an tionscadal a athchruthú i gceantair eile, agus teachtaireacht an ratha a bhí air a chraobhscaoileadh ar fud na Maláive.

Mósaimbíc: Cóireáil aisvíreasach á leathnú amach

Tá ag éirí le Mósaimbíc rochtain ar thástáil agus ar chóireáil VEID agus SEIF a leathnú amach, agus spriocanna oideachais a shárú, ach tá dúshláin ann i gcónaí.

Sa bhliain 2003 ba bheag an líon daoine sa Mhósaimbíc a raibh rochtain acu ar chóireáil aisvíreasach, an cógas VEID agus SEIF a shábhálann beatha daoine. Tá 86,000 duine ar aisvíreasaigh anois, agus tá líon na n-áiteanna a thairgeann an chóireáil méadaithe faoi chúig ó 2005. Níl iontu seo ach cuid de na comharthaí den dul chun cinn sa chomhrac in aghaidh VEID agus SEIF, comhrac ina bhfuil Cúnamh Éireann ar thús cadhnaíochta, i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Clinton. Faoi 2010, beidh €76 milliún san iomlán tugtha ag Cúnamh Éireann do chúram sláinte VEID agus SEIF sa Mhósaimbíc.

Tá feabhas mór tagtha freisin ar chosc tharchur VEID agus SEIF ó mháthair go leanbh. Tá na seirbhísí seo á dtairiscint ag beagnach leath na saoráidí cúraim réamhbhreithe anois; 386 san iomlán. 222 an líon a bhí ann bliain ó shin. Agus tá líon na mban torrach a fhaigheann comhairleoireacht agus tástáil VEID agus SEIF méadaithe go mór, ó níos lú ná 5,000 sa bhliain 2002 go 366,000 sa bhliain 2007.

Tá seasmhacht pholaitiúil agus eacnamaíoch i Mósaimbíc ó tháinig deireadh leis an gcogadh cathartha i1992. Tá an eacnamaíocht ag fás ag meánráta 8% sa bhliain le deich mbliana anuas agus an bhochtaineacht tar éis titim ó bheagnach 70% deich mbliana ó shin go 50% measta sa bhliain 2005. Ach tá an fás ard eacnamaíoch á thiomáint ag líon beag tionscadal mór bonneagair agus ilnáisiúnta, agus is dúshlán mór don tír a chinntiú go dtacóidh an fás seo le gníomhaíochtaí eacnamaíocha na mbocht. Cé gur tháinig feabhas ar fhormhór na réimsí forbartha daonna, thit rangú Mhósaimbíc go 172 ar an Innéacs Forbartha Daonna mar gheall ar rátaí ísle litearthachta agus ionchas saoil a bheith ag titim, de bharr VEID agus SEIF den chuid is mó.

Is deontóir suntasach don earnáil oideachais é Cúnamh Éireann agus tá dul chun cinn áirithe déanta sa réimse seo. Sáraíodh na spriocanna don rollú sa bhunoideachas sa bhliain 2007, agus do rollú cailíní. Bhí an glanrollú sa bhunoideachais díreach os cionn 87% (85% an sprioc a bhí ann), agus rollú cailíní ag 84% (82% an sprioc). Ach tá dúshláin nua á gcruthú ag na feabhsúcháin seo: ciallaíonn níos mó scoileanna agus daltaí go bhfuil níos mó múinteoirí cáilithe, níos mó leabhar agus níos mó troscáin ag teastáil.

Ar mhaithe le cabhrú chun sochair an fháis i Mhósaimbíc a scaipeadh níos cothroime, tá Straitéis Forbartha don Earnáil Phríobháideach á forbairt ag Cúnamh Éireann, d'fhonn tacaíocht a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Táthar ag súil go mbeidh bailchríoch air seo sa bhliain 2008, agus go ndéanfar forfheidhmiú iomlán air sa bhliain 2009

"Faoi 2010, beidh €76 milliún tugtha ag Cúnamh Éireann don chúram sláinte VEID agus SEIF sa Mhósaimbíc."

€42.8
Caiteachas an chláir sa bhliain 2007

172 as 177
Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna

20.3 milliún
Daonra

1996
Clárthír ón mbliain seo i leith

Príomhchláir
Sláinte, Oideachas, agus VEID agus SEIF

Príomhghnóthachtáil
Líon na ndaoine ar an gcóireáil aisvíreasach a shábhálann beatha méadaithe faoi dhó idir 2006 agus 2007

Slán sábháilte

“Cuireann an coiste sláinte pobail beirt oibrithe dheonacha ar fáil chomh maith le hothair-rothair.”

Cailíní áitiúla ag oscailt ospidéal Massinga. Thug Cúnamh Éireann €1 mhilliún chun cabhrú le tógáil an ospidéil 60 leaba a chuirfidh seirbhísí feabhsaithe sláinte ar fáil do dhaonra 250,000 duine.

Tá sé níos sábháilte do mhná leanaí a bhreith sa Mhósaimbíc, a bhuíochas le straitéis náisiúnta a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Tá Alzira Romao sna seachtainí deireanacha dá dara toircheas. Cailleadh a céad leanbh nuair a bhí sí i luí seoil. An uair seo, tá sé beartaithe ag Alzira nach mbeidh an leanbh aici sa bhaile, bothán i gceantar Massinga i gcúige Inhambane. Ina ionad sin, shiúil sí óna sráidbhaile go hIonad Sláinte Cangela, le seiceáil isteach i dTeach Feithimh an ionaid sláinte, saoráid nua do mhná le toirchis ardphriacail.

Tá Ionad Sláinte Cangela 12 chiliméadar ón mbóthar maith is cóngaraí, agus bíonn ar fhormhór na mban atá ag coinne, ar nós Alzira Romao, siúl chuige. Ach is mór an feabhas é an t-ionad ina ainneoin sin ar an staid a bhí ann roimhe – is é Ospidéal Ceantair Massinga, 40 ciliméadar ó shráidbhaile Alzira Ramao, an tsaoráid leighis eile is cóngaraí di.

Tógadh an Teach Feithimh mar chuid de Straitéis Mhósaimbíc don Mháithreachais Shábháilte, agus chuir Chúnamh Éireann maoiniú ar fáil le go ndéanfaí athchóiriú agus uasghrádú ar an ionad sláinte. Cuireann an t-ionad cóireáil choisctheach agus leighis ar fáil agus tá sé oscailte seacht lá na seachtaine. Tá altra amháin ag obair ann agus ball foirne cúntach amháin. Déanann an t-altra maoirseacht ar 25 go 30 mír sheachadta gach mí, chomh maith le breis is 100 othar seachtrach a fheiceáil, cógais leighis a ordú agus a fhodháileadh, cúram réamhbhreithe agus tástáil VEID a sholáthar (chun tarchur ó mháthair go leanbh a chosc) agus vacsaíní a thabhairt do leanaí.

Feidhmíonn coiste sláinte arna bhunú ag an bpobal go gníomhach ag tacú leis an ionad. Cuireann an coiste beirt oibrithe dheonacha ar fáil, agus pleanálann d’fhorbairt na saoráide agus glacann páirt ina bhainistíocht

An Tansáin: Ar thús Cadhnaíochta

Le rialachas seasmhach agus tacaíocht láidir buiséid ó dheontóirí éiríonn leis an Tansáin ceithre cinn de Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach, ocht mbliana roimh an sprioc-am.

Mar gheall ar an tseasmhacht pholaitiúil, fás san eacnamaíocht (7% sa bhliain sa bhliain 2007), agus tacaíocht Chúnamh Éireann agus dheontóirí eile, tá ceithre cinn de Spriocanna Forbartha na Mílaoise bainte amach cheana féin ag an Tansáin.*

Cuireann Cúnamh Éireann agus mórdheontóirí eile cuid mhaith dá gcúnamh ar fáil mar thacaíocht bhuiséid díreach chuig an rialtas, agus chuir sé seo ar chumas na Tansáine an caiteachas poiblí chun an bhochtaineacht a laghdú a mhéadú beagnach 40% le dhá bhliain anuas.

Tá dul chun cinn ollmhór déanta ag an Tansáin dá bharr sin san earnáil oideachais. Ó 2000 go 2007, mhéadaigh rollú bunscoile go beagnach 100%, mhéadaigh an líon leanaí a théann ar aghaidh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil faoi thrí agus tá líon na mac léinn in institiúidí ardoideachais méadaithe beagnach faoi thrí chomh maith.

Rinneadh dul chun cinn san earnáil sláinte freisin, agus thit rátaí mortlaíochta leanaí faoi chúig bliana d'aois. Bhí rath go háirithe ar thionscnamh Chúnamh Éireann chun caighdeán an uisce a fheabhsú in Dar es Salaam, an chathair is mó sa Tansáin. Eagraíocht neamhrialtasach, Population Services International, a chuir an tionscadal i bhfeidhm, ag baint úsáide as táirge íonaithe uisce Éireannach. Bhí os cionn 15,000 cás den chalar in Dar es Salaam sa bhliain 2006. Tar éis an tionscadail seo a chur i bhfeidhm ní raibh cás amháin féin den chalar ann sa bhliain 2007.

San earnáil talmhaíochta, tugann Cúnamh Éireann tacaíocht d'eagraíochtaí rialtais agus na sochaí sibhialta ina n-iarrachtaí chun táirgeadh agus éagsúlú barraí a mhéadú, agus do thograí eile.

San earnáil rialachais bíonn Cúnamh Éireann ag obair le gach ceann de 132 údarás áitiúil. Thug Cúnamh Éireann tacaíocht chun córas nua deontais rialtais áitiúil atá bunaithe ar fheidhmíocht a dhearadh, rud a spreag rialtais áitiúla chun a gcórais agus a gcuntasacht a fheabhsú. Áiseoidh na deontais rialtais áitiúil seo tionscadail forbartha caipitil, amhail scoileanna, ionaid sláinte, pointí uisce agus bóithre rochtana.

Tá a thacaíocht do na meáin agus don pharlaimint méadaithe freisin ag Cúnamh Éireann, ag cabhrú leo feidhmiú mar lucht faire ar chaiteachas rialtais agus cearta sóisialta agus eacnamaíocha na saoránach a chothú.

* Is iad na ceithre Sprioc Forbartha Mílaoise atá bainte amach ag an Tansáin: Sprioc 2: bunoideachas do chách; Sprioc 3, cothromas inscne i mbunscoileanna; Sprioc 7, an codán den daonra uirbeach le rochtain ar uisce sábháilte agus sláintíocht bhunúsach; agus Sprioc 8, comhpháirtíocht dhomhanda ar son na forbartha.

"Ó 2000 go 2007, mhéadaigh rátaí rollaithe bunscoile go 97%."

€33.3 milliún
Caiteachas an Chláir sa bhliain 2007

159 as 177
Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna

38.5 milliún
Daonra

1975
Clárthír ón mbliain seo

Bunchlár
Tacaíocht don Earnáil Sláinte

Príomhghnóthachtáil
Thit cásanna Calair in Dar es Salaam ó 15,000 sa bhliain 2006 go náid sa bhliain 2007, de thoradh thacaíocht Chúnamh Éireann do chlár uisce.

Nuair a éiríonn leis an gcúnamh

"Nuair a bhíonn duine i mo theaghlach tinn, is féidir linn dul chuig an ionad sláinte agus íoc as an gcógas, gan rud éigin a dhíol ar dtús."

Abdallah Dege lena bhean céile. Mhéadaigh a dtáirgeacht ghrán bhuí de 300% ó bhí baint acu le seirbhís chomhairleach feirmeora Rialtas na Tansáine a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Insíonn an feirmeoir Tansánach Abdallah Dege conas a rinne seirbhís chomhairleach d'fheirmeoirí athrú réabhlóideach ar a fheirm.

'Díolaim a lán barraí anois agus fós bíonn go leor agam chun mo theaghlach a chothú', arsa Abdallah Dege.

Nuair a chuir rialtas na Tansáine comhairleoirí feirme – oibrithe fairsingithe mar a thugtar orthu – chun ceapach taispeántais a bhunú i bpobal beag cnoic darbh ainm Msimba, beagnach 20 bliain ó shin, tugadh inspioráid do Abdallah Dege.

'An uair sin ní bhíodh daoine ach ag caitheamh síolta ar an talamh agus ag súil go bhfásfadh rud éigin astu. Ba dóibh féin amháin a d'fhás siad na barraí. Bhí gach duine sa cheantar seo ag iarraidh dul i mbun gnó nó post a fháil.

'Bhí dhá theachtaireacht an-tábhachtacha ag na hoibrithe fairsingithe: mhúin siad treabhadh dúinn, agus spreag siad muid chun barraí a dhíol ar airgead tirim. D'fhoghlaim mé conas ardáin a dhéanamh chun creimeadh ithreach a chosc, agus cur i sraitheanna chun go mbeadh an gortghlanadh níos éasca.'

Chonaic Abdallah Dege a bharr de ghrán buí ag méadú ó thrí mhála in aghaidh an acra go níos mó ná deich mála. Níos déanaí, sna 1990í déanacha, thosaigh oibrithe fairsingithe ag tabhairt cuairteanna ar fheirmeoirí aonair.

Thug an tseirbhís fhairsingithe ar chuairteanna malartaithe é chun bualadh le feirmeoirí ag ceantair éagsúla sa tír, mar a raibh síolta agus smaointe á malartú aige. D'éirigh le cuid acu seo, agus fásann sé sorgam, casabhach, cabáiste Síneach, trátaí, ubhthorthaí, piobair ghlasa, agus bananaí. Tá roinnt beostoic ag Abdallah Dege chomh maith.

'Fuair mé gabhar roinnt blianta ó shin ó eagraíocht eachtrannach. Bhí orm meannán baineann amháin a thabhairt ar aghaidh d'fheirmeoir sa phobal, agus tá gabhair á dtógáil agam ó shin.

'Téann cuid de mo chlann chun na scoile, agus tá lúcháir orm a rá nach bhfuil sé deacair dom íoc as éide scoile, leabhair agus síntiúis eile. Nuair a bhíonn duine ar bith i mo theaghlach tinn is féidir linn dul chuig an ionad sláinte agus íoc as an gcógas gan rud éigin a dhíol ar dtús.'

Is cuid de Straitéis Forbartha Rialtas na Tansáine don Earnáil Talmhaíochta í an tseirbhís fhairsingithe a chabhraigh le Abdallah Dege, agus tá Cúnamh Éireann ar cheann de na príomhdheontóirí. Cabhraíonn tacaíocht Chúnamh Éireann le taighde talmhaíochta a mhaoiniú, le scéimeanna uiscithe, le cothú na hinfheistíochta príobháidí sa talmhaíocht agus le seirbhís chomhairleach na n-oibrithe fairsingithe talmhaíochta.

Athshlánú agus Téarnamh sa Timór

Chuir an neamhsheasmhacht isteach ar chláir forbartha sa Tíomór Thoir, ach lean Cúnamh Éireann leis an obair chun inniúlacht a thógáil agus pobail a thabhairt le chéile.

Chuaigh rialtas nua in oifig Thíomór Thoir i mí Lúnasa, 2007, agus stát leochaileach le slándáil mhíshocair acu mar oidhreacht, mar aon le heacnamaíocht mharbhánta agus dífhostaíocht fhorleathan. Cé go raibh rath ar na toghcháin, a bhí cómhaoinithe ag Cúnamh Éireann agus reáchtáilte ag na Timóraigh le tacaíocht na Náisiún Aontaithe, bhí neamhsheasmhacht pholaitiúil agus eacnamaíoch ina n-ualach ar an tír. Ní raibh os cionn 100,000 duine, a díláithríodh mar gheall ar fhoréigean polaitiúil i mí Aibreáin 206, in ann filleadh ar a mbaile féin. B'éigean don rialtas agus do na deontóirí díriú dá bhrí sin ar athshlánú agus ar théarnamh, seachas ar fhás eacnamaíoch agus ar laghdú na bochtaineachta.

Bhí rath áirithe mar sin féin ar an bhforbairt sa Tíomór Thoir. D'oibrigh Saoráid Mhiondeontas Chúnamh Éireann go maith lasmuigh den ardchathair, Dili, ag tacú leis an tsochaí shibhialta áitiúil. Tugadh tacaíocht do dhá thionscadal agus fiche, tograí oideachais, sláinte, uiscithe agus sláintíochta, i gceithre cheantar agus tugadh maoiniú iomlán €200,000 dóibh. I mí an Mheithimh cuireadh an chéad 27 giúistís agus cosantóir poiblí Timórach faoi mhionn, chloch mhíle do Chlár Neartaithe Earnáil an Cheartais, atá á reáchtáil ag Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA/UNDP), le tacaíocht Chúnamh Éireann. Tá an-dul chun cinn déanta sa chomhionannas inscne, mar a bhfuil Cúnamh Éireann ina phríomhdheontóir, agus ag obair i bpáirt le Rúnaireacht an Stáit um Chothú an Chomhionannais. Lean Cúnamh Éireann ar aghaidh freisin lena thacaíocht mhaoiniúcháin don scátheagraíocht neamhrialtasach FONGTIL, atá ar a dícheall ag iarraidh scileanna agus inniúlachtaí a chuid ball a chothú.

Mar gheall ar leochaileacht leanúnach Thíomór Thoir agus an tréimhse trasdula go rialtas nua, cuireadh bac ar chumas an rialtais chun an Plean Forbartha Náisiúnta a fhorfheidhmiú. Tá Páipéar Straitéise Tíre Chúnamh Éireann ag teacht leis an bplean seo, agus buiséad €19.4 milliún aige don tréimhse 2006 go 2008. Tá tógáil inniúlachta ar cheann de phríomhghnéithe na straitéise, chomh maith le clár Tógála Inniúlachta na hEarnála Poiblí, atá maoinithe ag Cúnamh Éireann i gcomhar leis an mBanc Domhanda agus leis an PFNA, a thosaigh ag deireadh na bliana 2007.

Léiríodh aimhrialtacht fhollasach i rith na bliana: tá stoc mór ola agus gáis ag an Tíomór Thoir, ach níl an inniúlacht ná an bonneagar bunúsach ann. Nuair a ghnóthaigh an tír a neamhspleáchas, sé bliana ó shin, bhí os cionn 70% den bhonneagar scriosta. Cuireann coimhlintí inmheánacha agus easpa slándála isteach ar thógáil an náisiúin, ar fhorbairt na heacnamaíochta agus ar laghdú na bochtaineachta. Tá dúshláin ollmhóra shocheacnamaíocha ann, ach tá cumas thar cuimse ann chomh maith.

"I mí an Mheithimh, cuireadh an chéad 27 giúistís agus cosantóir poiblí Timóracha faoi mhionn"

€4.4 milliún
Caiteachas an chláir sa bhliain 2007

150 as 177
Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna

1.2 milliún
Daonra

2003
Clárthír ón mbliain seo

Príomhchláir
Bainistiú na hEarnála Poiblí
Tógáil Inniúlachta

Príomhghnóthachtáil sa bhliain 2007
Toghcháin rathúla uachtaránachta agus parlaiminte a reáchtáil

An Cultúr traidisiúnta á cheiliúradh

"Measadh gur éirigh go hiontach leis an bhféile, ar fhreastail beagnach dhá thrian den daonra uirthi."

Cailíní ag stainnín cois bóthair in aice le Manatuto, An Tíomór Thoir. Tá Cúnamh Éireann ag tacú le hobair forbartha i gceantar iargúlta Oecussi ó 2001 i leith.

Thug Cúnamh Éireann tacaíocht d'fhéile shuntasach in iamhchríoch Thiomórach, a thug le chéile pobal a bhí ciaptha ag géarchéimeanna.

Bhailigh slua de thríocha míle duine as ceantar Oecussi sa Tíomór Thoir le chéile ag féile chultúir agus spóirt traidisiúnta i mí na Samhna 2007. I dtír atá ciaptha ag an neamhsheasmhacht ó bhris coimhlint inmheánach amach i mí Aibreáin 2006, ba mhór an t-éacht é seo.

Ba í seo Féile Chultúrtha Atoni Oecussi, ócáid nár eagraíodh le blianta. Ba é Cúnamh Éireann an chéad deontóir as seacht gcinn a thug tacaíocht di. Chuir gach ceann de 18 sráidbhaile (ar a dtugtar sucos) a chuid ealaíne agus ceardaíochta ar taispeáint ar feadh cúig lá, agus d'fhreastail daoine as 300 pobal níos lú air chomh maith. Le beagnach dhá thrian den daonra ag freastal uirthi, measadh gur éirigh leis an bhféile agus eagrófar arís í sa bhliain 2008.

Is iamhchríoch sa Tíomór Thoir í Oecussi atá suite i dTiomór Thiar na hIndinéise, timpeall 70 ciliméadar lasmuigh de theorainn Thíomór Thoir, agus is ceantar an-iargúlta í. Tá Cúnamh Éireann ag tacú le Oecussi agus lena rialtas áitiúil ó 2001 i leith. Tá timpeall €200,000 as Saoráid Mhiondeontais Chúnamh Éireann curtha ar fáil do thionscadail sa cheantar.

Bhí cuid d'fhéile Oecussi eagraithe ag áiseoirí suco, a earcaíodh sa bhliain 2007 faoi scéim a fuair tacaíocht ó Chúnamh Éireann. Scaip na háisitheoirí faisnéise vótálaithe i gceantair iargúlta Oecussi mar ullmhúchán do thoghcháin uachtaránachta agus parlaiminte 2007. D'áisigh siad cruinnithe idir na sráidbhailte agus an Rúnaí Stáit, chuir treoir ar bheartas an rialtais don réigiún, agus d'oibrigh siad leis na pobail chun tograí tionscadail a ullmhú. Bhí siad ag obair chomh maith ar chomhordú deontóirí, oideachas sibhialta agus bailiú sonraí. Faoi dheireadh na bliana 2007, bhí faisnéis bailithe acu ó 13,000 teaghlach. Tá seisear de na háisitheoirí le ceapadh anois ar bhuanfhoireann Rúnaireacht an Stáit sa bhliain 2009.

Uganda: An Chuntasacht a Fhorbairt

Tá i bhfad níos mó leanaí ar scoil, tá VEID á tholgadh ag níos lú daoine, agus tá níos mó muiníne sa chóras ceartais in Uganda anois – agus iad seo na réimsí speisialaithe ar a bhfuil Cúnamh Éireann dírithe.

Sa bhliain 2007, chuir Cúnamh Éireann tús le clár chun aon iar-bhunscoil déag agus dhá choláiste oiliúna múinteoirí a athshlánú sa réigiún is boichte in Uganda, Karamoja. Chaith Cúnamh Éireann €4.2 milliún ag comhrac VEID agus SEIF, ag cabhrú le heagraíochtaí pobail aire a thabhairt do dhaoine ina dtithe féin agus ag obair ag leibhéal náisiúnta chun straitéis a chomhordú. Bhí Cúnamh Éireann ag obair freisin leis an bparlaimint, le comhairlí áitiúla, leis na breithiúna agus le heagraíochtaí áitiúla chun an chuntasacht dhaonlathach a fheabhsú.

Cabhraíonn siad seo agus gníomhaíochtaí eile leis an troid i gcoinne na bochtaineachta in Uganda, agus tá rath thar cuimse orthu. Thit an bhochtaineacht in Uganda beagnach faoina leath ó 1992 go 2005, ó 56% go 31%.

Mar chuid den iarracht nua chun comhordú agus comhoibriú a fheabhsú idir deontóirí in Uganda, bheartaigh Cúnamh Éireann ar dhíriú go speisialta ar thrí earnáil: oideachas, VEID agus SEIF, agus rialachas.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Uganda i ngach ceann de na trí earnáil:

- Tá seacht milliún leanbh ag freastal ar an mbunscoil anois. Deich mbliana ó shin ní raibh ag freastal ach dhá mhilliún.
- Mhéadaigh muinín an phobail sa chóras ceartais faoi dhó idir 2002 agus 2007, ó 34% go 67%.
- Thit leitheadúlacht VEID ó 18% ag a bhuaic go 6.4%.

Tacaíonn Cúnamh Éireann le plean infheistíochta straitéiseach an rialtais don oideachas, agus tacaíonn sé le Coimisiún SEIF Uganda. Sa réimse rialachais, tacaíonn Cúnamh Éireann le príomhorgáin an stáit, ar nós na parlaiminte agus na mbreithiúna, agus le comhairlí áitiúla agus leis an tseirbhís phoiblí d'fhonn ceartas agus cuntasacht a fheabhsú.

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht freisin do phríomheagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag cabhrú leo seirbhísí níos fearr a éileamh agus feidhmíocht an rialtais a fheabhsú. Tá an tIonad Afracach um Chóireáil agus Athshlánú d'Íospartaigh a Céasadh, a bhí chun tosaigh ó thaobh dlí um chéasadh a thiomsú agus a dhréachtú, ar cheann de na heagraíochtaí seo. Anuraidh, chuir an t-ionad cóireáil leighis, comhairleoireacht shóisialta agus tráma, agus seirbhísí dlí ar fáil do 1,400 duine d'fhulaing céasadh.

Bhí Uganda measartha síochánta agus seasmhach sa bhliain 2007. Ó thuaidh, sheas an sos comhraic leis an Lord's Resistance, agus bhí a lán daoine díláithrithe in ann filleadh abhaile. Rinneadh dul chun chinn sna cainteanna síochána, agus d'fheabhsaigh an fás eacnamaíoch go 6.5%.

"Thit an bhochtaineacht in Uganda beagnach faoina leath ó 1992 go 2005"

€35.5 Milliún
Caiteachas an Chláir sa bhliain 2007

154 as 177
Rangú Innéacs Forbartha Daonna

28.9 milliún
Daonra

1994
Clárthír ón mbliain

Príomhchláir
Oideachas, rialachas, VEID agus SEIF

Príomhghnóthachtáil
Seacht milliún leanbh ar bhunscoil, i gcomparáid le dhá mhilliún deich mbliana ó shin

An Bóthar Abhaile

"Táimid in ann ár gcuid talún a shaothrú anois agus an bia atá uainn a tháirgeadh."

Baluku Robert ag múineadh Rang 3 i mBunscoil Kasese. Tá curaclam leasaithe bunscoile tiomsaithe ag Roinn Oideachais Uganda, le tacaíocht Chúnamh Éireann, curaclam a mhúintear trí mheán teangacha áitiúla (seachas Béarla), ionas go mbíonn sé níos fusa do na leanaí foghlaim.

Is féidir le daoine tosú ar dhul abhaile mar gheall ar shos lámhaigh i dtuaisceart Uganda. Tá Cúnamh Éireann agus Concern ag cabhrú leo a saol a chur ar ais mar a bhí.

Tá Ocan Kenneth ag súil le dul abhaile go luath. Tá a shráidbhaile dúchais i gceantar Pader i dtuaisceart Uganda, ach le cúig bliana anuas tá cónaí air i gcampa do dhaoine atá díláithrithe ag an gcoimhlint shibhialta sa tuaisceart.

Rinneadh asáitiú ar isteach is amach le dhá mhilliún duine sa chogadh fiche bliain idir an Lord's Resistance Army agus rialtas Uganda. B'éigean dóibh dul ag cónaí i gcampaí móra chun a gcuid slándála a chinntiú. Ó bhí sos lámhaigh ann i mí Lúnasa 2006 tá feabhas ar an tslándáil, agus is féidir le daoine tosú ag dul abhaile.

D'fhormhór na ndaoine, is í an chéad chéim dul go lonnaíocht idirthurais. Go dtí go mbíonn socrú buan síochána ann, bíonn slándáil mheasartha ag daoine sna lonnaíochtaí seo, tugann siad níos cóngaraí dá mbailte iad agus cuireann sé ar a gcumas an talamh a shaothrú. Faoi Mhárta 2008, bhí beagnach 240,000 den 340,000 duine asáitithe i gceantar Pader tar éis bogadh ó na campaí láir go dtí lonnaíochtaí idirthurais nó chuig a mbailte féin.

Is ceannaire pobail é Ocan Kenneth i lonnaíocht idirthurais Ogwil. 'Tá áthas orainn an príomhchampa a fhágáil', a deir sé. 'Táimid in ann ár gcuid talún a shaothrú anois agus an bia atá uainn a tháirgeadh: cuirimid grán buí, sim sim agus cadás, agus tá ainmhithe á dtógáil againn.'

Le tacaíocht €546,000 ó Chúnamh Éireann, tá Concern ag obair chun bonneagar riachtanach, ar nós pointí uisce agus saoráidí sláintíochta, a sholáthar do lonnaíochtaí idirthurais agus do shráidbhailte atá ag freastal ar dhaonra iomlán 100,000 duine.

'Sular thóg Concern tollpholl dúinn, bhí orainn siúl ar feadh uaire chun uisce a fháil. Tá níos mó ama againn anois chun an talamh a shaothrú', arsa Ocan Kenneth.

Tá na pobail áitiúla á spreagadh ag Concern chun an bonneagar áitiúil a chruthú, go háirithe bóithre rochtana a thógáil. Cuireann na bóithre seo naisc ar fáil dóibh siúd atá ag filleadh ar shráidbhailte iargúlta chuig a gcuid feirmeacha, scoileanna, ionaid sláinte agus ionaid trádála. Scéim 'airgead ar son oibre' atá ann a chabhraíonn le daoine bogadh amach as na campaí láir trí ioncam a sholáthar do dhaoine sa tréimhse tosaigh tar éis dóibh filleadh abhaile. Tá an t-ioncam seo úsáidte ag teaghlaigh chun síolta agus beostoc a cheannach, ionas go mbeadh siad in ann tosú ag feirmeoireacht arís, nó chun costais scoile a íoc.

'Tá an gnáthshaol ag teacht ar ais chugainn anois', arsa Ocan Kenneth. 'Má mhaireann an tsíocháin agus má bhíonn sé níos sábháilte, táimid ag súil le filleadh ar ár sráidbhailte faoi dheireadh na bliana. Is é sin atá uainn.'

Vítneam:

An Saineolas á dháileadh

Tá Cúnamh Éireann ag díriú ar fhorbairt na hearnála príobháidí agus ar laghdú na bochtaineachta i Vítneam, ag dáileadh taithí chomh maith le hairgead.

Tá ag éirí go han-mhaith le Vítneam an bhochtaineacht a throid. Le deich mbliana anuas thit rátaí dearbh-bhochtaineachta aon trian. Tá Príomhsprioc Forbartha Mílaoise amháin, líon na ndaoine i mbochtaineacht a laghdú de leath, bainte amach cheana féin ag Vítneam. Bainfear bunoideachas do chách, agus na spriocanna i leith mortlaíocht leanaí agus sláinte máithreachais, amach faoi 2015. Ach tá 20 milliún duine i Vítneam fós faoi líne na bochtaineachta.

Is dúshlán do Vítneam é an fás cumasach eacnamaíoch a choinneáil agus na sochair a eascraíonn as a dháileadh ar na bochtáin. Tugann obair Chúnamh Éireann i Vítneam tacaíocht d'fhorbairt na hearnála príobháidí agus do chláir laghdaithe bochtaineachta.

Tá an réamhobair curtha i gcrích ar 'Staidéar an Tíogair Cheiltigh', clár chun taithí eacnamaíoch na hÉireann a oiriúnú do chomhthéacs Vítneam. Beidh sé seo ina ghné lárnach de chlár nuálach tacaíochta chun an earnáil phríobháideach a fhorbairt i Vítneam. I measc gnéithe eile tá cionroinnt bhliantúil €1 mhilliún do chiste díláraithe na sochaí sibhialta, a bhfuil sé d'aidhm aige cuntasacht an Stáit i leith na saoránach a chothú, agus tacú le Clár Forbartha an Mekong don Earnáil Phríobháideach (féach roinn na hEarnála Príobháidí).

Ó thaobh laghdú na bochtaineachta de chaith Cúnamh Éireann €7.5 milliún ag tacú le Clár Mionlach an Bhainc Dhomhanda, a fhreastalaíonn ar 8.7 milliún duine ó 53 mionlach eitneach sna ceantair is iargúlta i Vítneam. Is iad cuspóirí an chláir an t-ocras a dhíothú agus an bhochtaineacht a laghdú ó 50% go 30% sna ceantair is boichte. Thug Éire €19.9 milliún san iomlán i gcúnamh don réigiún (méadú níos mó ná €12 milliún ón mbliain roimhe sin). Bhí €1.5 milliún san áireamh mar thacaíocht d'imréiteach mianaigh talún sa Chambóid agus in Laos.

Faomhadh páipéir straitéise Chúnamh Éireann do Vítneam i mí Iúil. Faoin straitéis seo, táthar ag súil go gcaithfidh Cúnamh Éireann €87.5 milliún chun an bhochtaineacht a laghdú agus an fhorbairt a chur chun cinn i Vítneam idir 2007 agus 2010. Tá an straitéis tíre ag teacht le Plean rialtas Vítneam don Fhorbairt Shocheacnamaíoch do na blianta 2006 go 2010.

Rinneadh ball den Eagraíocht Trádála Domhanda de Vítneam sa bhliain 2007. Shroich an fás eacnamaíoch beagnach 8.5%, cé gur bhain an boilsciú uasmhéid de 12.6% amach, rud a spreag imní faoi neamhsheasmhacht eacnamaíoch. Rinneadh mórdhamáiste tuilte sa réigiún láir sa chuid deiridh den bhliain, rud a chuir an rialtas i leith athrú aeráide. Meastar gurb í Vítneam an dara tír nach oileán í is leochailí ar domhan ó thaobh an athraithe aeráide.

"Tá 'Staidéar an Tíogair Cheiltigh' ar cheann de ghnéithe nuálacha thacaíocht Chúnamh Éireann don earnáil phríobháideach agus don tsochaí shibhialta i Vítneam."

€19.3 milliún
Caiteachas an chláir sa bliain 2007

105 as 177
Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna

85 milliún
Daonra

2005
Clárthír ón mbliain seo i leith

Príomhchlár
An Clár do Mhionlaigh

Príomhghnóthachtáil
Tacaíocht do chlár P135 atá dírithe ar an 1,600 pobal is boichte sa tír.

Ag Díriú ar an mBochtaineacht

"Rinne Cúnamh Éireann cionroinnt €7.5 milliún don chlár sa bhliain 2007."

Tai minority people planting rice in Dien Bien Phu province, Northern Vietnam, supported by Irish Aid.

Tá sé d'aidhm ag clár náisiúnta i Vítneam laghdú mór a dhéanamh ar an ráta bochtaineachta.

Tá clár laghdaithe bochtaineachta náisiúnta ag freastal ar 8.7 milliún duine, as 53 mionlach eitneach, in os cionn 1,600 pobal agus 2,500 sráidbhaile. Tá sé d'aidhm ag an gclár an t-ocras ainsealach a dhíothú agus an ráta bochtaineachta a laghdú ó 50% go 30% sna ceantair is boichte.

Tá an clár deartha agus á fhorfheidhmiú ag rialtas Vítneam, le tacaíocht ón mBanc Domhanda agus deontóirí eile, agus tá sé á chómhaoiniú ag Éirinn mar aon leis an Astráil, an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe. Is fiú an tacaíocht seo $300 milliún ar fad i ndeontais agus in iasachtaí thar ceithre bliana. Is í seo an dara céim den chlár a mhairfidh ó 2006 go 2010.

Is é rún an chláir an córas um chionroinnt acmhainní ar na pobail is boichte a fheabhsú. Is mar seo a leanas a dhéanann sé é sin: spriocdhíriú feabhsaithe ar bhochtaineacht; cur chuige na bpobal i leith bhainistiú agus pleanáil bhonneagar bunúsach na tuaithe a neartú; agus córais trédhearcachta, chuntasachta, monatóireachta phróisis agus measúnú tionchair a fheabhsú.

Bainfidh na ceithre deontóir úsáid as córais thuairisceoireachta agus chuntasachta rialtas Vítneam, agus tá creat coiteann torthaí aontaithe acu. Rinne Cúnamh Éireann cionroinnt €7.5 milliún don chlár sa bhliain 2007.

Ag obair le leanaí

Le ceann de na rátaí VEID is airde ar domhan, baineann leochaileacht ar leith le leanaí na Saimbia. Tá Cúnamh Éireann ag obair le heagraíochtaí áitiúla chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá Cúnamh Éireann ag cabhrú chun tacaíocht a thabhairt do os cionn 35,000 dílleachta agus leanaí leochaileacha in dhá réigiúin sa tSaimbia, mar chuid dá fhócas ar thionchar VEID agus SEIF a mhaolú.

Tá ceann de na rátaí leitheadúlachta is airde ar domhan (17% san aoisghrúpa 15 go 49), agus os cionn milliún duine ag maireachtáil le VEID agus SEIF. Rinneadh dílleachtaí de thuairim 630,000 leanbh mar gheall ar SEIF.

Déantar ceann de na tíortha is boichte ar domhan den tSaimbia leis na figiúirí seo. Tá an t-ionchas saoil tite go mór ó 1990, ó 47 go 40.5 bliain, agus faigheann leanbh as gach seisear bás sula mbíonn cúig bliana slánaithe acu.

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht don Chomhairle Náisiúnta SEIF, ag cabhrú leo freagairt ilearnálach do VEID agus SEIF a chomhordú. Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag obair le leanaí leochaileacha i gCúige an Tuaiscirt agus i gCrios an Chopair chun cabhrú leis na leanaí seo rochtain a fháil ar thástáil agus ar chóireáil VEID agus SEIF, leanúint lena scolaíocht agus tabhairt faoi oiliúint ghairmiúil. Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht don Chomhairle Náisiúnta SEIF, ag cabhrú leis freagairt ilearnálach do VEID agus SEIF a chomhordú.

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht don Aireacht Oideachais chomh maith, agus tá dul chun cinn déanta i gcuid de na príomhthéascairí. Tháinig méadú idir 7% agus 13% ar rollú daltaí, ag brath ar an ngrád, idir 2006 agus 2007. Mhéadaigh líon na múinteoirí i mbunghráid agus i ngráid ardscoile ó 66,000 agus os cionn 71,000 sa tréimhse chéanna.

I gCúige an Tuaiscirt, thug Cúnamh Éireann tacaíocht do Chlár Soláthair Uisce Tuaithe agus Sláintíochta an rialtais, a rinne leas do 24,000 duine, agus 337 saoráid sláintíochta, a rinne leas do 6,740 duine.

"Tá tacaíocht Chúnamh Éireann ag cabhrú le dílleachtaí agus leanaí leochaileacha rochtain a fháil ar thástáil agus ar chóireáil VEID agus SEIF, leanúint lena scolaíocht agus tabhairt faoi oiliúint ghairmiúil."

€21.9 milliún
Caiteachas an Chláir sa bhliain 2007

165 as 177
Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna

11.5 milliún
Daonra

1980
Clárthír ón mbliain

Príomhchláir
Leanaí Leochaileacha, oideachas, uisce agus sláintíocht

Príomhghnóthachtáil
35,000 leanbh ag fáil tacaíochta

Réimsí Tosaíochta eile

Clár Comhpháirtíochta don Eoraip agus Lár na hÁise 32
An Phalaistín 34
Siarra Leon & an Libéir 35
An Afraic Theas 36
An tSiombáib 37

“ Tá Cúnamh Éireann ag cur le seasmhacht agus trasdul daonlathach sa réigiún.”

Bailíonn Zaimura Holmirodova, 16 bliana d’aois agus Shabuam,13, uisce trí huaire sa lá ón abhainn in aice lena dteach. Níl teacht ag 43% de dhaonra na Táidsíceastáine ar uisce píopaithe, agus baineann beagnach 25% úsáid as aibhneacha, díoga uiscithe agus linnte mar phríomhfhoinsí fíoruisce.

Blianta Trasdula

Tá an fhorbairt á chothú ag Cúnamh Éireann ar theorainn na hEorpa.

Thug Cúnamh Éireann tacaíocht iomlán €8 milliún don réigiún, sa Chlár Comhpháirtíochta don Eoraip agus do Lár na hÁise (PPECA), sa bhliain 2007. Rinneadh cionroinnt de €3.1 milliún as seo do réigiún Oirdheisceart na hEorpa, mar a bhfuil na Balcáin, agus cionroinnt €2.9 milliún do thíortha Chónaidhm na Stát Neamhspleách, na Cugaise agus Lár na hÁise. Rinne cionroinnt €2 mhilliún do thionscnaimh nó do chláir réigiúnacha atá dírithe den chuid is mó ar Oirdheisceart na hEorpa.

Tá an-éagsúlacht sna tíortha seo ó thaobh neart eacnamaíoch, seasmhacht pholaitiúil agus saibhreas a n-acmhainní nádúrtha. Díríonn an Clár Comhpháirtíochta ar laghdú na bochtaineachta, dea-rialachas agus daonlathú, cearta daonna, síochánaíocht, forbairt eacnamaíoch agus tacaíocht don tsochaí shibhialta. Cuireann eagraíochtaí neamhrialtasacha agus idirnáisiúnta i bhfeidhm den chuid is mó é. Lena thacaíocht do na tionscadail agus na cláir forbartha seo, tá Cúnamh Éireann ag freagairt do riachtanais ghrúpaí leochaileacha, amhail leanaí, daoine asáitithe agus daoine faoi mhíchumas, agus ag cur le seasmhacht agus le trasdul daonlathas sa réigiún.

Tacaíonn Cúnamh Éireann le hoideachas bunúsach a sholáthar do leanaí Róma sa Bhoisnia-Heirseagaivéin agus le cothú an daonlathais agus oiliúint dlíodóirí i Montainéagró. Is samplaí iad seo de na gníomhaíochtaí atá á maoiniú ag Cúnamh Éireann i dtíortha Oirdheisceart na hEorpa agus Lár na hÁise.

Is samplaí eile iad an tacaíocht do ghrúpaí féinchabhrach do sheandaoine sa Mholdóiv, ag cabhrú leo dul i bhfeidhm ar na beartais agus na tuairimí a théann i bhfeidhm orthu, agus maoiniú do Thogra Trasdula Luath an Bhainc Eorpaigh um Athfhoirgníocht agus Forbairt. Tá an togra seo ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht sna tíortha ar a dtugtar na 'tíortha trasdula luatha' atá i gCónaidhm na Stát Neamhspleách (An Airméin, an Asarbaiseáin, Poblacht na Cirgisise, an Mholdóiv, an Táidsíceastáin agus an Úisbéiceastáin, a bhí ina mbaill tráth den Aontacht Shóivéideach). Cabhraíonn an togra seo le gnólachtaí agus le gníomhaireachtaí rialtais fostaíocht agus seirbhísí a sholáthar do phobail uirbeacha agus tuaithe.

Gníomhaíocht
Forbairt agus daonlathú ó Oirdheisceart na hEorpa go Lár na hÁise

Buiséad
€8 milliún

Príomhthoradh
Ag tacú le grúpaí soghonta agus ag cur le cobhsaíocht

Cúnamh i measc coinbhleachta

De réir mar a chuaigh dálaí maireachtála in Gaza agus sa Bhruach Thiar in olcas, chuidigh Irish Aid le cúnamh bia éigeandála agus seirbhísí bunaidh tacaíochta a sholáthar.

Chuidigh cúnamh Éireannach sa Phalaistín le cothú dídeanaithe, le sláinte agus oideachas a thacú, le cearta daonna a chur chun cinn agus le tuarastail seirbhíse poiblí a íoc.

Chaith Cúnamh Éireann beagnach €7.5 milliún san iomlán, agus soláthraíodh €4.3 milliún den mhéid seo do Ghníomhaireacht Faoisimh agus Oibreacha na Náisiún Aontaithe (UNWRA) a sholáthraíonn cúnamh daonnúil agus a chuireann seirbhísí bunúsacha ar fáil do dhídeanaithe na Palaistíne. Chuir an ghníomhaireacht cúnamh bia éigeandála ar fáil do 257,000 teaghlach, chuir sí roinnt fostaíochta ar fáil do 60,000 dídeanaí agus thacaigh sí le cúram sláinte, le hoideachas agus le seirbhísí uisce agus sláintíochta.

Chuaigh cúrsaí daonnúla in olcas sa Phalaistín go rianúil le linn 2007. Cuireadh srianta breise ar ghluaiseacht sa Bhruach Thiar. I ndiaidh don Hamas seilbh a ghlacadh ar chumhacht in Gaza bhí an chríoch nach mór dúnta, agus beagnach chlis an geilleagar mar thoradh air sin. Faoi dheireadh na bliana, bhí beagnach 80% de mhuintir Gaza ag brath ar ghníomhaireachtaí faoisimh chun maireachtála.

San áireamh i dtacaíocht Chúnamh Éireann don Phalaistín bhí:

- Ranníocaíocht de €1 milliún i dtaobh tuarastail sheirbhíse phoiblí sa Phalaistín, ag cabhrú le cinntiú gur féidir le scoileanna agus seirbhísí eile leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. Íocadh an ranníocaíocht seo trí mheicníocht ildheontóra a riaraigh Coimisiún na hEorpa.
- Ag tabhairt tacaíochta do eagraíochtaí neamhrialtasacha san Iosrael agus sa Phalaistín atá ag obair chun cearta daonna agus daonlathú a chur chun cinn sa Phalaistín le €500,000 de mhaoiniú san iomlán.
- Ag soláthar deontas de €500,000 do Chlár Forbartha na Náisiúin Aontaithe do thionscnamh chun cabhrú le údaráis áitiúla agus an Aireacht Rialtais Áitiúil agus iad ag feabhsú bonneagar agus seirbhísí i gceantar Jenin, mar pháirt de chlár tacaíochta trí bliana.

Tá Cúnamh Éireann réidh le cúnamh daonnúlach a sholáthar do mhuintir na Palaistíne chomh fada is atá sé de dhíth. Ach ní aon ionadaí é cúnamh do dhul chun cinn in idirbheartaíocht pholaitiúil. Braitheann feabhsú marthanach ar dhálaí maireachtála mhuintir na Palaistíne ar réiteach polaitiúil ar an choimhlint idir Iosrael agus an Phalaistín.

"Faoi dheireadh an bliana bhí 80% de mhuintir Gaza ag brath ar ghníomhaireachtaí faoisimh chun maireachtála."

Gníomhaíochtaí
Cúnamh daonnúil, tacaíocht seirbhíse poiblí, cearta daonna

Buiséad
€7.5 milliún

Príomhthoradh
Cúnamh bia éigeandála le haghaidh 257,000 teaghlach dídeanaithe, via UNWRA

Ag Comhdhlúthú an Daonlathais

Tá Cúnamh Éireann ag tacú le hatógáil i Siarra Leon agus sa Libéir a bhfuil téarnamh tar éis cogaí cathartha brúidiúla.

Tá Siarra Leon agus an Libéir araon i ndiaidh teacht as cogaí carthanacha millteanacha agus bhí togháin ann sa dá thír le blianta beaga anuas. Cé nach clárthíortha Chúnamh Éireann iad ceachtar acu, tá oifig ag Cúnamh Éireann in Freetown, Siarra Leon, chun cláir a bhainistiú sa dá thír, i gcomhar le Rannóg Éigeandála agus Téarnaimh Chúnamh Éireann. Tá sé sin sa bhreis ar chainéil eile le haghaidh mhaoiniú Chúnamh Éireann chuig Siarra Leon agus an Libéir, lena n-áirítear tacaíocht d'eagraíochtaí misinéireachta agus neamhrialtasacha.

"Ba bhua suntasach don chomhdhlúthú daonlathais i Siarra Leon é an t-athrú daonlathach síochánta sa bhliain 2007."

Siarra Leon

Chaith Cúnamh Éireann níos mó ná €11 mhilliún ar ghníomhaíochtaí forbartha agus daonlathaithe i Siarra Leon sa bhliain 2007. Bhain na gníomhaíochtaí seo le seirbhísí cúraim shláinte bunúsacha do phobail bhochta, ag tacú leis an gCúirt Speisialta do Siarra Leon agus acmhainn an Choimisiúin Náisiúnta Toghcháin a fhorbairt. Thacaigh Cúnamh Éireann freisin sna réimsí fostaíochta óige agus cumhachtaithe na hóige, rialachais agus na meán. Cuireadh maoiniú ar fáil do raon de ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta.

Rangaítear Siarra Leon ag deireadh an Innéacs Forbraíochta Daonna do 2007 agus mar sin is í ceann de na tíortha is lú forbairt ar domhan í. Ba bhua suntasach do chomhdhlúthú an daonlathais, áfach, gur éirigh leis na toghcháin i mí Lúnasa 2007 agus an t-athrú síochánta go huachtaránacht agus rialtas ag Ernest Bai Koroma.

Díríodh Straitéis Tíre Eatramhach 2006-2007 Chúnamh Éireann do Siarra Leon ar chur le téarnamh marthanach, cobhsaíocht agus laghdú na bochtaineachta de réir Phlean Straitéiseach um Laghdú Bochtaineachta na tíre féin.

An Libéir

Chaith Cúnamh Éireann níos mó ná €8 milliún ar ghníomhaíochtaí daonnúla sa Libéir a mhaoiniú sa bhliain 2007, i gcúram sláinte go príomha. Bhí CÉINAL, Concern agus Merlin i measc comhpháirtithe Chúnamh Éireann. Thacaigh Cúnamh Éireann freisin le forbairt d'Aonad Mearfhreagartha de Phóilíní na Libéire, trí mhaoiniú de €1 mhilliún le haghaidh Phóilíní na Náisiún Aontaithe.

Chríochnaigh an grúpa deireanach de choimeádaithe síochánaíochta na hÉireann a bhí ar fiannas leis an Náisiúin Aontaithe a sheal dualgais i mBealtaine 2007. Léiríonn seo an dul chun cinn atá déanta i dtreo cobhsaíochta tar éis chogadh cathartha millteanach na tíre. Maraíodh ceathrú milliún duine le linn na coinbhleachta sa Libéir, idir 1989 agus 2003, agus asáitíodh na céadta mílte. Bhí an bonneagar eacnamaíoch agus sóisialta beagnach go hiomlán scriosta. Ní rangaítear an Libéir ar an Innéacs Forbartha Daonna fós, ach aithnítear gur ceann de na tíortha is boichte ar domhan í. Faoi uachtaránacht Ellen Johnson Sirleaf, áfach, tá an Libéir ag déanamh iarrachtaí ollmhóra an bonneagar agus go leor dá hinstitiúidí a atógáil.

Gníomhaíochtaí
Tacaíocht do théarnamh san Afraic Thiar

Buiséad
€20 milliún

Príomhthoradh
Forbairt ar Araond Mearfhreagartha i bPóilíní na Libéire

Laisteas de Limpopo

D'ainneoin gur éirigh le daonlathas na hAfraice Theas, tá dúshláin ollmhóra fós ann, go háirithe i gcúige Limpopo.

Tá obair Chúnamh Éireann san Afraic Theas dírithe ar Limpopo, ceann de na cúigí is boichte de na naoi gcúige sa tír. Cé gur tír mheánioncaim í an Afraic Theas, agus cé go bhfuil dálaí maireachtála ar chomhchéim leo siúd i dtíortha forbartha ag codanna den tsochaí, tá díothacht agus eisiamh suntasach i gcodanna eile atá ar chomhchéim le tíortha na hAfraice fo-Sharánaí eile.

Tuairiscítear go maireann beagnach 50% den phobal nach daoine geala iad faoi phointe náisiúnta na bochtaineachta, a bhfuil mar thoradh i bpáirt ar oidhreacht stairiúil Apartheid. Tá Éire ag cur cúnamh déthaobhach ar fáil don Afraic Theas ó athraigh sí ó apartheid go daonlathas i 1994.

Thacaigh obair Chúnamh Éireann i gcúige Limpopo sa bhliain 2007 le raon d'idirghabhálacha VEID agus SEIF, chomh maith le traenáil a thabhairt do níos mó ná 300 ceannaire pobail maidir le saincheisteanna cearta daonna agus le ciste nuálaíochta le haghaidh gnóthas turasóireachta pobail.

Tá ceann de na rátaí leitheadúlachta is airde de VEID agus SEIF sa domhan san Afraic Theas. Meastar go bhfuil 5.5 milliún d'Afracaigh Theas ag maireachtáil le VEID agus/nó SEIF, agus is mná iad 3.1 milliún díobh. Tacaíonn Cúnamh Éireann le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, mar Friends for Life, ag soláthar cúram bailebhunaithe agus cúram maolaitheach, agus ag tacú le dílleachtaí agus le páistí soghonta.

Tá drochthionchar ag an bpaindéim VEID agus SEIF ar an earnáil oideachais, mar thoradh ar neamhláithreacht múinteoirí. Thug Cúnamh Éireann tacaíocht do Roinn Oideachais Liompopo chun polasaí a fhorbairt le dul i ngleic leis seo, chomh maith le tacaíocht níos ginearálta a chur ar fáil san earnáil oideachais.

I measc na tacaíochta eile do sheirbhísí bunúsacha i gcúige Limpopo ó Chúnamh Éireann bhí €3 mhilliún chun seirbhísí uisce agus sláintíochta a mhaoiniú. Tugann teacht ar fhoinse uisce áitiúil iontaofa faoiseamh ó bheith ag iompar uisce ó fhuaráin agus ó thobair chiana, rud a scaoileann am le haghaidh gníomhaíochtaí slí beatha, agus i gcás cailíní, le haghaidh freastail ar scoil.

Tá Cúnamh Éireann ag oibriú leis an rialtas áitiúil chun feabhas a chur ar a chur chuige i leith fhorbairt na turasóireachta agus tá ciste nuálaíochta bunaithe aige chun deontais bheaga a sholáthar do ghnóthais turasóireachta phobail, amhail lóistín Leaba is Bricfeasta agus turais ar bhailecheantair.

Thacaigh Cúnamh Éireann le níos mó de 300 ceannasaí pobail a thraenáil in Limpopo mar chuid de chlár gníomhaíochtaí sna réimsí cearta daonna, daonlathais, slándála agus athmhuintearais. Tá Cúnamh Éireann ag obair i gCúige Free Sate freisin, ag tacú le cúram sláinte príomhúil.

"Bhunaigh Cúnamh Éireann ciste nuálaíochta chun deontais bheaga a sholáthar do ghnóthaí turasóireachta a reáchtáil ag an phobal, a chuideoidh fostaíocht, atá go mór de dhíth, a chur ar fáil"

Gníomhaíocht
Tacaíocht le haghaidh páistí soghonta atá ina ndílleachtaí mar gheall ar SEIF

Buiséad
€5 milliún

Príomhthoradh
Cúram Feabhsaithe i leith VEID agus SEIF i mBailecheantar Alexandria, Johannesburg

Ag cosaint na ndaoine is soghonta

Tá Cúnamh Éireann ag freagairt don ghéarchéim le maoiniú daonnúil agus le tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí áitiúla a thugann aire do dhaoine atá ag maireachtáil le VEID agus SEIF.

Laghdaigh an t-ionchas saoil sa tSiombáib faoi leath le fiche bliain anuas. Anois is é an ceann is ísle é ar domhan. Tá riachtanais phráinneacha dhaonnúla inti mar thoradh ar ghanntanais bia ainsealacha, ruaigeanna calair agus díláithriú daoine de dheasca pholasaithe an rialtas maidir le hathdháileadh talún agus réiteach slumaí. Mar fhreagra, chuir Cúnamh Éireann maoiniú de €3.4 milliún ar fáil do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an Clár Bia Domhanda, CÉINAL, an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce. Dáileadh an t-airgead seo tríd an bPróiseas Achomhairc Comhdhlúite, meicníocht na Náisiún Aontaithe a áirithíonn freagra comhordaithe ar an ngéarchéim.

Tugadh €2.5 milliún eile d'eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha agus d'eagraíochtaí misinéireachta chun cláir forbartha a mhaoiniú sa tSiombáib. Fuair Concern agus Trócaire tacaíocht dá gclár daingnithe slí beatha, VEID agus SEIF agus sochaí sibhialta. Fuair eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus misinéireachta Éireannacha tacaíocht d'obair sna réimsí comhionannais inscne, cumhachtaithe ban, oideachais agus cúraim shláinte phríomhúil.

I measc na ndúshlán mór atá ann don tSiombáib tá líon mór cásanna VEID i ngach aoisghrúpa. Meastar go bhfuil 1.7 milliún duine ag maireachtáil le VEID nó SEIF (15.6% den phobal), rud a bhfuil níos mó ná 3,000 bás in aghaidh na seachtaine agus milliún dílleachta de dheasca SEIF mar thoradh air.

Tacaíonn Cúnamh Éireann le clár Cúraim Bhailebhhunaithe i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha na Siombáibe. Le linn 2007 tugadh €3 mhilliún san iomlán do 15 eagraíocht, a sholáthar pacáistí teiripe agus cóireála frith-aisvíreasaí le haghaidh ionfhabhtuithe faille. Thug na seirbhísí seo téad sábhála do roinnt de na teaghlaigh is soghonta sa tír.

Mhaoinigh Cúnamh Éireann an Clár Tacaíochta Leathnaithe freisin, arna riar ag na Náisiúin Aontaithe faoi choimirce na Comhairle SEIF Náisiúnta . Is cómheicníocht maoinithe é an clár, á thacú ag roinnt deontóirí idirnáisiúnta, a sholáthraíonn maoiniú agus tacaíocht do leathnú na seirbhísí VEID agus SEIF sa tSiombáib.

> **" Tá riachtanais phráinneacha daonnúla inti mar thoradh ar ghanntanais bia ainsealacha, ruaigeanna calair agus díláithriú daoine de dheasca pholasaithe an rialtas maidir le hathdháileadh talún agus réiteach slumaí."**

Gníomhaíocht
Freagairt dhaonnúil; cúram do dhaoine le VEID agus SEIF

Buiséad
€9 milliún

Toradh
Freagairt chomhordaithe ar ghéarchéim via gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe

Athrú treo

An Bhoisnia, 1997. D'fhág jíp na n-oibrithe cúnaimh an bóthar de thoradh poill sa bhonn, agus d'imigh ceann ar aghaidh sa choill. Bhí cáil ar an gceantar i leith timpistí mianach talún. Bhí ar Ray Taylor é féin a chur ar ais ar an mbóthar. Thóg sé slat thanaí leathmhéadair ón jíp, agus é ar a bholg thosaigh sé ag glanadh cosán 80 cm go dtí an bóthar. Sleamhnaigh sé an tslat go cúramach san ithir ar uillinn tríocha céim. Faic. Bhog sé í 10 cm ar chlé, agus shleamhnaigh sé isteach í arís. Nuair a bhí sé seo déanta aige faoi hocht, snámhaigh sé ar aghaidh 10 cm.

Níor éirigh leis. Sular bhain sé an bóthar amach - rud a thógfadh na huaireanta air - chuir Oifigeach Arm na hÉireann deireadh leis an gcleachtadh. Ach bhí an pointe léirithe: tá foighne mhór agus léire intinne de dhíth chun éalú ó log mianach.

Ba chuid den traenáil do Chor Mearfhreagartha é an cleachtach ag an gCurrach.

" Gach seans go gcuirfear chuig ceantar coinbhleachta thú", a deir Taylor. "D'fhéadfaí go gcuirfí chuig Darfur, Deisceart na Súdáine mé, fiú tuaisceart Mhósaimbíc, ina bhfuil mianaigh talún fós.

Bhí Taylor tar éis obair a dhéanamh sna háiteanna seo ó chuaigh sé isteach sa Chór, tar éis deich mbliana mar oibrí deonach le Concern, a raibh sé i gceannas ar chláir thógála éigeandála agus oibríochtaí lóistíochta i leith 12 éigeandáil lena linn. Mar a bhí an scéal cuireadh é chuig Nairobi atá réasúnta compordach , chun obair lóistíochta a dhéanamh do chlár an UNCHR sa tSomáil. (Reáchtáiltear cláir ó phríomhchathair na Céinia mar gheall ar an neamhshocracht leanúnach sa tSomáil.)

Gan mhoill bhí freagrachtaí níos mó air mar bhí a cheannasaí ag teacht chuige féin i ndiaidh breoiteacht fhada. "Tusa i gceannas. Rinne tú cheana é" a dúradh leis.

Ó Nairobi, sheol Taylor soláthairtí 'nach bia iad' (blaincéid, braillín phlaisteach, etc.) go gréasáin de stórais 'satailíte' ar fud na Somáile. áit a ndearna gardaí iad a chosaint agus a dháileadh . Scaipeadh na soláthairtí ionas go laghdófaí an seans go gcaillfí iad de thoradh ionsaithe ar aon cheann de na stórais. Chuaigh Taylor ar cuairt go dtí an tSomáil corruair ach níor fhéad sé fanacht inti ach ar feadh tréimhsí gearra agus é faoi dhianchosaint.

"Cheap mé gur Darfur an áit ba mheasa i mo thaithí, ach bhí an tSomáil i bhfad níos measa. Níl aon duine slán sa tSomáil."

Bhí imní air go mbeadh sé deacair dó titim isteach le rialacha dochta de chuid bhainistíocht na Náisiún Aontaithe tar éis dó bheith ina mhaor féin mar oibrí cúnaimh san earnáil neamhrialtasach. Bhí fadhbanna ar leith ag baint leis an tSomáil. "De réir rialacháin na Náisiún Aontaithe ní mór duit árachas a bheith agat, ach sa tSomáil ní féidir leat árachas a fháil", a deir sé.

"D'fhoghlaim mé go luath go gcaithfidh tú formheas ó leibhéal níos sinsearaí a bhaint amach mura bhfuil tú in ann feidhmiú laistigh de na rialacha."

Fuair sé gur éirigh leis an gcóras seo: de ghnáth bhí formheas ar fáil dó nuair a chuir sé achainí scríofa chuig na hoifigigh shinsearacha. Bhí sé éifeachtach go leor cé go raibh cuma mhaorlathach gan ghá air.

Cloiseann tú go minic faoi na Náisiún Aontaithe ag pleidhcíocht le páipéar. Ach bhí na daoine seo ag obair go dian ag iarraidh rudaí a bhogadh ar aghaidh."

Deich mbliana ó shin b'fhochonraitheoir tógála Ray lena ghnó féin. Nuair a bhí 50 bliain caite aige, shocraigh sé ar threo eile.

"Shíl mé 'Ba mhaith liom rud a dhéanamh a thugann sásamh éigin dom' ".

I 1997 chuaigh sé go dtí an Bhoisnia mar oibrí chúnaimh leis an ESCE.

"Bhí sé an-deacair orm. Ina dhiaidh sin rinne mé liosta de na rudaí traenála a bhí ag teastáil uaim. Ba liosta sách fada é."

Thosaigh sé ag cur feabhais ar a chuid scileanna ríomhaireachta, rinne sé roinnt traenála slándála, agus faoi dheireadh rinne sé traenáil agus bhain sé cáilíocht amach mar pharaimhíochaineoir (scil atá úsáideach dá chaitheamh aimsire, ródrásáil ghluaisrothair, agus a chuireann obair ar fáil dó le gníomhaireacht phríobháideach otharcharr idir mhisin obair chúnaimh).

Ar a dara misean, go dtí Deisceart na Súdáine i 1998, d'aithin sé "go ndearna an iarracht mhór traenála an-difir."

"Thug sé an mhuinín dom cás a aithint agus an cumas dom dul i ngleic leis."

Agus deich mbliana ina dhiaidh sin tá sé fós ag traenáil agus ag déanamh lóistíochta éigeandála.

"Cheap mé gur Darfur an áit ba mheasa i mo thaithí, ach bhí an tSomáil i bhfad níos measa. Níl aon duine slán sa tSomáil."

Nairobi, an Chéinia. Seasanna Adida Adan agus a mhac Hamidan laistigh dá dteach i slumaí na Céinia. Is feirmeoir tréadach í ón tSomáil ó dhúchas agus tháinig sí chuig Kibera lena fear chéile áit a bhfuair sé post mar thiománaí. Go luath ina dhiaidh dóibh teacht maraíodh é i dtimpiste bóthair agus tá sí ag sracadh chun cúram a thabhairt dá clann i bpobal atá lán le bochtaineacht agus le foréigean. Ní féidir léi filleadh abhaile fiú mar is daoine fáin iad a muintir agus ní bheadh a fhios aici cá bhfuil siad.

Ag obair trí rialtais

Oibríonn Cúnamh Éireann i gcomhar le rialtais tíortha forbraíochta i leith an chomhraic in aghaidh na bochtaineachta agus tacaíonn sé le sochaí shibhialta a chinntiú go nglacfadh siad le freagracht.

Chaith clár Chúnamh Éireann €870 milliún sa bhliain 2007. Fuair na rialtais sna naoi gclárthír de chuid Chúnamh Éireann thart ar 14% de seo go díreach. Is é oibriú trí rialtais an bealach is éifeachtaí agus is inbhuanaithe chun forbairt a chur chun cinn go fadtéarmach. Ní hé an t-aon bhealach amháin é. Is é saintréith Chúnamh Éireann an meascán de mhodhanna cúnaimh. Oibríonn Cúnamh Éireann le príomheagraíochtaí neamhrialtasacha mar Concern agus Trócaire, le cistí forbartha domhanda amhail Fondúireacht Clinton, chomh maith le raon d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta níos lú eile, agus leis na gníomhaireachtaí móra iltaobhacha mar na Náisiúin Aontaithe. De thoradh an chuir chuige ilghnéithigh seo tá Cúnamh Éireann i gcumas an dea-chleachtas a aithint agus tacaíocht a chur leis ar fud na hearnála cúnaimh, agus cinntíonn sé go gcomhlánaíonn obair na ngníomhaireachtaí éagsúla a chéile.

Ach is iad na rialtais atá ríthábhachtach chun timpeallacht an fhorais agus na forbartha inbhuanaithe a chruthú i dtíortha bochta. Ba chóir go mbeidís ag croílár an phróisis forbartha, mar a bhí in Éirinn.

Léirigh roinnt staidéar gurb é an cúnamh 'déthaobhach', mar a thugtar air, an modh is fearr chun an bhochtaineacht a laghdú ar scála náisiúnta. Mar a thuairiscítear sa tuarascáil seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ag roinnt tíortha chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach mar thoradh ar iarrachtaí rialtais agus le tacaíocht ó dheontóirí mar Chúnamh Éireann.

Sa Tansáin, ina soláthraíonn Cúnamh Éireann agus deontóirí eile go leor dá gcúnamh díreach don rialtas mar thacaíocht buiséid, bhí méadú beagnach 40% ar chaiteachas i leith laghdú na bochtaineachta le dhá bhliain anuas. Tá ceithre cinn de Spriocanna Forbartha na Mílaoise bainte amach aici cheana féin, lena n-áirítear bunoideachas uilíoch agus comhionannas inscne i mbunscoileanna, ocht mbliana roimh an spriocdháta. In Uganda, a fhaigheann tacaíocht buiséid shuntasach, laghdaigh an bhochtaineacht faoi leath idir 1992 agus 2005. Mhéadaigh líon na bpáistí i mbunscoileanna ó dhá mhilliún go seacht milliún laistigh de sheacht mbliana. Ar an gcuma chéanna, bhain Vítneam an phríomh-Sprioc Forbartha Mílaoise amach de líon na ndaoine ag maireachtáil go beo bocht a laghdú faoi leath. Is féidir bunoideachas uilíoch agus na spriocanna maidir le mortlaíocht leanaí agus sláinte mháithreacha a bhaint amach roimh 2015.

San áireamh i réimse 'rialachais' Chúnamh Éireann tá tacaíocht do pharlaimintí, bainistíocht airgeadais phoiblí, eagraíochtaí faire agus institiúidí sásaimh, eagraíochtaí

Martin Matulu, freastalaí leighis, Ospidéal Bagamoyo, an Tansáin. Rinneadh athchóiriú ar obrádlann an ospidéil le cabhair ó Chúnamh Éireann.

meán, oideachas saoránachta, cur chun cinn na gceart daonna, agus institiúidí neamhspleácha a dhéanann anailís ar pholasaithe. Dáiltear 15% de chaiteachas iomlán Chúnamh Éireann ar thionscnaimh rialtais. Cabhraíonn sé seo le cinntiú go bhfuil na córais srianta agus ceartúchán riachtanacha, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar dháileadh acmhainní, inár dtíortha comhpháirtíochta. Oibríonn Cúnamh Éireann le rannóga rialtais sna príomhearnálacha sóisialta chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus torthaí.

Tá clár cúnaimh na hÉireann molta go hidirnáisiúnta arís agus arís eile ag eagraíochtaí mar an gCoiste Gníomhaíochta Forbartha de chuid an ECFE. Fuair athbhreithniú piaraí na hÉireann is déanaí (2003) gur tharraing clár Chúnamh Éireann 'clú air féin trí dhíriú go géar ar laghdú bochtaineachta agus trí a thiomantas do phrionsabail na comhpháirtíochta.' De réir an 'Innéacs de Thiomantas Forbartha na hAfraice' tá Éire sa dara háit i ndiaidh na Sualainne maidir le cáilíocht a cúnaimh.

Ní hé cúnamh do rialtais an t-aon chineál cúnaimh a bhfuil fiúntas ag baint leis, agus i ndálaí eile beidh modhanna eile níos éifeachtaí. Tá na heagraíochtaí neamhrialtasacha in ann bheith ina ngníomhairí cumhachtacha an athraithe ag an leibhéal áitiúil, agus i sainréimsí an pholasaí náisiúnta. Ach tá méid na bochtaineachta i gclárthíortha Chúnamh Éireann chomh mór sin go bhfuil cur chuige bunaithe ar an rialtas ríthábhachtach. Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht do na rialtais seo i leith an chomhraic in aghaidh na bochtaineachta agus oibríonn sé le hinstitiúidí daonlathais agus na sochaí sibhialta chun freagracht a fheabhsú.

"Caitear 15% de chaiteachas iomlán Chúnamh Éireann ar thionscnaimh rialtais, a chinntíonn go bhfuil na córais srianta agus ceartúchán riachtanacha ann."

Comhghuaillithe sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta

Idir thionscadail bheaga i dtíortha forbraíochta agus mhaoiniú ilbhliantúil do chomhpháirtithe straitéiseacha, oibríonn Cúnamh Éireann le raon fairsing de chomhpháirtithe sa tsochaí shibhialta chun cúnamh a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir.

Is dúshlán casta é an dúshlán comhrac in aghaidh na bochtaineachta i dtíortha forbraíochta, agus tá meascán de shocruithe maoiniúcháin réitithe ag Cúnamh Éireann le go mbeadh sé in ann oibriú le raon d'eagraíochtaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht ar bhealach ilghnéitheach. Tá gach cineál deontais dírithe ar ghné éagsúil den fhorbairt; le chéile soláthraíonn siad freagairt chuimsitheach ar riachtanais na ndaoine agus na dtíortha is boichte sa domhan.

Scéim Chláir Ilbhliantúil
Gheobhaidh ceithre phríomhcharthanacht beagnach €400 milliún de mhaoiniú faoin dara céim den Scéim Chláir Ilbhliantúil, ar siúl ó 2007 go 2011. Gheobhaidh Concern Worldwide €148 milliún, Trócaire €116 milliún, Goal €100 milliún agus Christian Aid €17 milliún. (Tá Cúnamh Éireann ag súil le comhaontú ilbhliantúil a shíniú le Self Help na hAfraice freisin in 2008.)

Trí tacaíocht airgeadais intuartha a chur ar fáil le haghaidh cláir chúnaimh aontaithe, beartaítear go n-éascóidh an scéim caidreamh straitéiseach agus cláir idir Chúnamh Éireann agus príomh-chomhpháirtithe neamhrialtasacha. Bunaíodh an scéim sa bhliain 2003 agus leasaíodh í i ndiaidh meastóireacht neamhspleách sa bhliain 2005, a fuair go raibh sí ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus gur chuir sí le comhpháirtíocht níos fearr idir Chúnamh Éireann agus príomheagraíochtaí.

Ciste na Sochaí Sibhialta
Dáileadh €41 milliún ar níos mó ná 139 eagraíocht sa tsochaí shibhialta sa bhliain 2007 ón Chiste na Sochaí Sibhialta. Tá an ciste oscailte d'eagraíochtaí neamhrialtasacha na hÉireann agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta roghnaithe, agus dearadh é chun raon leathan d'iarratais ar mhaoiniú a éascú, idir thionscadail bheaga agus thairiscintí substainteacha de chuid eagraíochtaí ina bhfuil foireann ghairmiúil. Tá dhá phríomhscéim ag feidhmiú faoin gciste; an Scéim Bhlocdheontais agus an Scéim Micrithionscadail.

Blocdheontais
Ligeann blocdheontais d'eagraíochtaí cáilíocht a gcuid clár a neartú agus tabhairt faoi thionscadail forbartha fhadtéarmacha, mar acmhainn na n-eagraíochtaí pobail áitiúla a fhorbairt. Sa bhliain 2007, fuair Action Aid Ireland €1.5 milliún; fuair Oxfam Ireland €2 mhilliún; fuair World Vision Ireland €1.3 milliún; agus fuair Health & Development Networks thart ar €500,000. Baineadh úsáid as na deontais seo chun maoiniú a thabhairt d'obair ar fhorbairt tuaithe, ar chúram sláinte príomhúil, ar oideachas SEIF agus VEID, ar chearta daonna, ar chomhionannas inscne, ar dhaingne slí beatha agus ar uisce agus sláintíocht.

"Gheobhaidh ceithre phríomheagraíocht neamhrialtasach (Christian Aid, Concern, Goal, Trócaire) beagnach €400 milliún ó Chúnamh Éireann idir 2007 agus 2011."

Na dreamanna a mbímid ag obair leo.

Ag obair le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Dídeanaithe Burmacha ag súgradh ag campa dídeanaithe Ban Tractor sa Téalainn. Tá Trócaire, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, ag soláthar cúnamh do na dídeanaithe. Ó 2007 go 2011, soláthróidh Cúnamh Éireann €400 milliún do Christian Aid, Concern, Trócaire agus Goal chun tacaíocht a thabhairt dá n-obair leanúnach.

Micrithionscadail
Tacaíonn Scéim na Micrithionscadal le tionscadail bheaga atá á reáchtáil ag eagraíochtaí bunaithe in Éirinn. Bunaíodh an scéim seo mar aitheantas ar an spéis shuntasach i measc an phobail in Éirinn cur go díreach leis an bhforbraíocht. Is é an deontas is mó ná €20,000. Sa bhliain 2007 fuair 38 eagraíocht €232,602 san iomlán.

Trádáil Chóir
Cinntíonn marc na Trádála Córa praghas cothrom ar tháirgí feirmeoirí agus cruthaíonn sé préimh shóisialta don fhorbairt áitiúil. Coinnítear an praghas fiú le linn luaineachtaí margaidh a mbeadh caillteanas ioncaim mar thoradh orthu agus lena mbainfeadh tionchar a d'fhéadfadh a bheith tragóideach do theaghlaigh tuaithe.

Is é Cúnamh Éireann ceann de thacadóirí na Trádála Córa is mó anois, trí chabhair dhéthaobhach a thabhairt do thíortha Mheiriceá Láir agus trí thacaíocht a thabhairt do Ghréasáin Trádála Córa na hÉireann (IFTN). Sa bhliain 2007, chuir Cúnamh Éireann €5.5 milliún (trí mheán Chiste na Sochaí Sibhialta) ar fáil d'eagraíochtaí in Nicaragua, sa tSalvadóir, i Hondúras, i nGuatamala agus, ar scála níos lú, sa Bheilís. Thacaigh sé seo le heagraíochtaí atá ag obair ar laghdú na bochtaineachta agus i bhforbairt deiseanna margaidh le haghaidh teaghlaigh bhochta trí dheimhniú na Trádála Córa.

Chuir Cúnamh Éireann €1.25 milliún ar fáil freisin i dtacaíocht le hobair Ghréasáin Trádála Córa na hÉireann chun cumas trádála de 78 eagraíocht táirgeachta i Meiriceá Láir a neartú, obair a ndearnadh i gcomhar le Fairtrade Labelling Organisation International agus Utz Certified.

Seirbhís Acmhainne Misinéireachta na hÉireann
Sa bhliain 2007, dáileadh €16 milliún ar Sheirbhís Acmhainní Misinéireachta na hÉireann (IMRS) chun tacú le hobair dá cuid 80 balleagraíocht i níos mó ná 60 tí san Afraic, san Áise, i Meiriceá Láir, i Meiriceá Laidineach, i Meiriceá Theas agus in Oirthear na hEorpa. Is é seo an príomhchainéal maoiniúchain chun tacú le heagraíochtaí misinéireachta na hÉireann. Tá Cúnamh Éireann agus an IMRS ag obair chun comhpháirtíocht níos straitéisí a bhunú agus chun an caidreamh idir an Rialtas agus pobal forbraíochta na misinéireachta a neartú.

Scéim Mhicrithionscadail Intíre
Tacaíonn an scéim seo le hobair forbraíochta ar mhionscála a dhéanann eagraíochtaí áitiúla i dtíortha atá ag forbairt ina bhfuil ionadú nó creidiúnú taidhleoireachta ag Éireann ach nach bhfuil clár Chúnamh Éireann iontu. Sa bhliain 2007, thug Cúnamh Éireann tacaíocht de €2.5 milliún san iomlán do thionscadail san Airgintín, sa Bhanglaidéis, sa Bholaiv, sa Bhrasaíl, sa tSín, san Éigipt, san India, sa Iordáin, sa Liobáin, i Neipeal, sa Nigéir, i Siarra Leon, sa tSiria, sa Tibéid agus in Uragua.

Ag Machnamh go hiltaobhach

Ní hé amháin go n-oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais chomhpháirtíochta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha, ach oibríonn sé freisin le heagraíochtaí móra idirnáisiúnta - na 'hiltaobhaigh' – d'fhonn feabhas a chur ar thrádáil agus í a neartú.

Tá trí institiúid a chuireann isteach is amach le 30% den chúnamh domhanda ar fáil eatarthu – na Náisiúin Aontaithe, an Banc Domhanda agus an tAontas Eorpach. Is iad seo na príomheagraíochtaí iltaobhacha. Déantar cuid mhaith de chúnamh na hÉireann do thíortha forbraíochta a sheoladh trí na hinstitiúidí seo agus tríd iltaobhaigh eile.

Tá buntáiste comparáideach ar leith ag na hiltaobhaigh seo sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta. Eascraíonn an buntáiste sin as a ndlisteanacht ar leith - sa mhéid go bhfuil siad neamhspleách ar leasa aon bhallstáit ar leith - agus toisc go bhfuil raon domhanda ag a gcuid oibre agus taithí agus saineolas ilchineálach ag an bhfoireann. Is bunchuid de chur chuige ilchineálach Chúnamh Éireann an tacaíocht a thugann sé d'eagraíochtaí iltaobhacha agus iad ag comhrac in aghaidh na bochtaineachta agus ag cothú na forbartha inbhuaine.

Na Náisiúin Aontaithe

Thug Cúnamh Éireann €36 milliún le cur le bunchistiú fhorais mhaoiniúcháin na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2007. Díríodh an t-airgead seo ar chúig 'Chomhpháirtí Tosaíochta' i measc ghníomhaireachtaí na NA, agus úsáideadh é go príomha d'fhonn leasúcháin a chur chun cinn agus oibriú i dtreo bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Is é atá i gceist leis na spriocanna ná sraith targaidí a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun bochtaineacht an domhain a laghdú faoi leath agus forbairt a neartú faoin mbliain 2015.

D'aontaigh Cúnamh Éireann 'comhpháirtíochtaí ilbhliantúla' le dhá cheann dá chomhpháirtithe tosaíochta, Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF) agus Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR), ar an mbonn go mbainfí amach cuspóirí forbraíochta comhaontaithe. Cuirfear i gcrích comhaontuithe comhchosúla eile le Clár Forbraíochta na NA (UNDP), Ciste Daonra na NA (UNFPA) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) sa bhliain 2008.

Ag croílár chlár oibre iltaobhach Chúnamh Éireann tá leasú ar na NA. I dtuarascáil de chuid na NA sa bhliain 2006 ar 'chomhleanúnachas ar fud an chórais' moladh tionscnaimh éagsúla d'fhonn feabhas a chur ar chomhleanúnachas inmheánach obair na NA. An phríomhghné a bhaineann leis sin tá láithreacht aontaithe NA a fhorbairt ag leibhéal na tíre, le ceannaire amháin, clár amháin (aontaithe ag an rialtas óstach), buiséad amháin agus oifig amháin. Thacaigh Éire go mór leis an bpróiseas leasúcháin seo, agus thacaigh Ambasáidí na hÉireann leis i gcúpla tír phíolótach sa bhliain 2007. Treoróidh Éire agus an Tansáin plé a bheidh ann ar shraith iomlán de mholtaí ag Comhthionól Ginearálta na NA sa chéad leath den bhliain 2008.

Chomh maith leis sin, ghlac Cúnamh Éireann ballraíocht le trí ghrúpa deontóirí ag cur maoirseachta ar fáil ar an gcóras NA; an Líonra um Measúnú Fheidhmíocht na nEagraíochtaí Iltaobhacha, na Grúpaí Deontóirí ag déanamh maoirseachta ar Ard-Choimisinéir na NA do Dhídeanaithe agus an tArd-Choimisinéir um Chearta Daonna.

Ar an maoiniú eile a thug Cúnamh Éireann do na NA, bhí €2 mhilliún do bhunchistiú don Oifig um Chomhordú ar Ghnóthaí Daonnúla (OCHA), chun cuidiú leis an mearfhreagairt agus le solúbthacht i gcás géarchéim dhaonnúil.

Grúpa an Bhainc Dhomhanda

D'oibrigh Cúnamh Éireann go dlúth leis an Roinn Airgeadais ar

"Ag croílár chlár oibre 'iltaobhach' Chúnamh Éireann tá leasú ar na Náisiúin Aontaithe."

pholasaí na hÉireann i leith an Bhainc Dhomhanda sa bhliain 2007. Rinneadh ranníocaíochtaí le roinnt de chistí an Bhainc Dhomhanda, ar cistí iad a bhaineann le tosaíochtaí Chúnamh Éireann. Ina measc bhí Ciste Iontaobhais Oideachais na hÉireann, a chuidíonn le tíortha Afracacha feabhas a chur ar sholáthar oideachais. Tacaíodh freisin leis an gCorparáid Idirnáisiúnta Airgeadais, a chothaíonn forbairt san earnáil phríobháideach i dtíortha forbraíochta (€1.1 milliún);

- Tacaíodh freisin leis an gCorparáid Idirnáisiúnta Airgeadais, a chothaíonn forbairt san earnáil phríobháideach i dtíortha forbraíochta (€1.1 milliún);
- an tSeirbhís Chomhairleach um Infheistíocht Choigríche, a chuireann comhairle ar thíortha forbraíochta maidir leis an gcaoi infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh (€1 mhilliún);
- an tSaoráid Riosca Árachais do Chatastróf Chairibeach, ciste árachais tubaiste (€2.4 milliún);
- Institiúid an Bhainc Dhomhanda, gníomhaireacht oiliúna an bhainc, do thionscadail i réimsí an oideachais, na sláinte, na bainistíochta eolais agus an rialachais (€500,000).

An tAontas Eorpach

Ciste Forbraíochta na hEorpa

Is deontóir i bhfad níos mó é an tAontas Eorpach ná aon deontóir eile ar domhan, ag soláthar €47 billiún de chúnamh gach bliain. Cuireann Éire a ranníocaíochtaí leis an Aontas Eorpach ar fáil trí airgead a íoc le Ciste Forbraíochta na hEorpa (CFE) agus le buiséad an AE. Sa bhliain 2007, thug Éire os cionn €15 milliún don CFE. Leithdháil an 10ú CFE bris is €22 billiún don chomhar forbraíochta leis na tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (AMCAC). Leanfaidh sé ar feadh 6 bliana ó 2008 go dtí 2013. D'aontaigh Éire €206milliún a ranníoc leis an 10ú CFE.

Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíochta

Faoi láthair tá idirbheartaíocht ar siúl ag an AE maidir le comhaontuithe trádála, ar a dtugtar Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíochta (CCEanna), leis na tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ar a dtugtar na tíortha AMCAC). Mar atá leagtha amach i gComhaontú Cotonou idir an AE agus tíortha AMCAC, tá sé beartaithe go gcuideoidh na comhaontuithe trádála 'bochtaineacht a laghdú agus ar deireadh thiar a dhíothú' agus 'forbairt inbhuaine' a chothú agus go rachadh 'tíortha AMCAC i lánpháirtíocht le geilleagar an domhain'. Bhí an idirbheartaíocht, atá idir lámha ó 2002 i leith, fada agus deacair, ámh. Níl ach ceann amháin de shé ghrúpáil réigiúnacha thíortha AMCAC, Fóram Cairibeach na Stát AMCAC (Cariforum), tar éis comhaontú iomlán CCE a shíniú. Amhail Nollaig 2007, chuir 20 tír AMCAC eile tús le comhaontuithe eatramhacha agus táthar ag súil go bhfeidhmeoidh siad seo mar bhunchlocha le haghaidh na CCEanna eile. Bhí Éire ar cheann de na tíortha a d'áitigh go mbeadh an idirbheartaíocht íogair i leith riachtanais forbraíochta na stát AMCAC agus laghdú na bochtaineachta sna stáit sin.

Cruinniú Mullaigh idir an AE agus an Afraic

Glacadh le Comhstraitéis idir an AE agus an Afraic ag an gCruinniú Mullaigh idir an AE agus an Afraic i Liospóin i mí na Nollag 2007. Bhí plean gníomhaíochta ag gabháil leis an straitéis, a leagan amach na hocht réimse chomhpháirtíochta: Síocháin agus Slándáil; Rialachas Daonlathach agus Cearta Daonna; Trádáil agus Imeascadh Réigiúnach; Spriocanna Forbartha na Mílaoise; Athrú Aeráide; Soghluaiseacht Imirce, Fostaíocht agus Eolaíocht, Sochaí an Eolais agus Spás. An dúshlán atá ann le haghaidh 2008 ná móiminteam Chruinniú Mullaigh Liospóin a choinneáil Iena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm an plean gníomhaíochta.

Trádchúnamh

Tugtar 'Aid for Trade' ar an gcúnamh atá ann chun cuidiú le tíortha forbraíochta fónamh a bhaint as an gcóras trádála domhanda agus a leasanna a léiriú san idirbheartaíocht trádála. De réir na ngealltanas a tugadh sa Pháipéar Bán, tá súil ag Cúnamh Éireann a bhuiséad don chúnamh iltaobhach Aid for Trade a mhéadú chuig €15 milliún sna blianta amach romhainn, seo tar éis é a mhéadú cheana féin ó €2.93 milliún go €6 mhilliún ó 2006 go 2007. Rachaidh an t-airgead seo chuig eagraíochtaí móra iltaobhacha atá ag cur cúnamh teicniúil ar fáil agus a thógann cumas i réimsí a bhaineann leis an trádáil.

An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Seoladh Clár Oibre Forbraíochta Doha ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála sa bhliain 2001 chun tosaíocht bhreise a thabhairt do shaincheisteanna forbraíochta. Cuireadh an idirbheartaíocht ar fionraí go foirmiúil ag deireadh mhí Lúil 2006 nuair a chonacthas nach bhféadfadh na baill a bhí ag gabháil don idirbheartaíocht teacht ar chomhaontú. Tar éis sraith comhráití neamhfhoirmiúla, athsheoladh an idirbheartaíocht i mí Eanáir 2007 agus leanadh léi i rith na bliana.

Comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach

Foireann ag ullmhú páiseog ag Monarcha Fheirmeacha Amfri in Uganda. Tacaíonn Traidlinks le Feirmeacha Amfri. Is eagraíocht a fhaigheann maoiniú ó Chúnamh Éireann í Traidlinks a chuireann comhairle ar fhiontair bheaga, a chuidíonn leo fás, agus ar an gcaoi sin poist a chruthú agus a fheabhsaíonn réimsí ar leith amhail coinníollacha fostaíochta.

Is cuid ríthábhachtach í an earnáil phríobháideach i gcúrsaí forbraíochta. Tá Cúnamh Éireann ag cur leis an tacaíocht earnála príobháidí le raon tionscnamh.

Tá fás eacnamaíochta marthanach riachtanach d'fhonn poist a chruthú chun daoine a tharraingt as an mbochtaineacht. Aithnítear seo i Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann. Tá Cúnamh Éireann ag cur lena thacaíocht don earnáil phríobháideach ina chlárthíortha mar a bhfuil sé ag tacú le raon tionscnamh san earnáil phríobháideach. Ina measc tá:

- Tuarascáil a rinne iniúchadh ar eispéireas an 'Tíogair Cheiltigh' agus an chaoi a bhféadfaí a leithéid de thaithí a chur i bhfeidhm i dtíortha na hÁise Thoir Theas. Seo mar fhreagra ar iarratais go roinnfeadh Éire a taithí féin ar fhorbairt.
- Suíodh an staidéar i gcomhthéacs Vítneam, agus an fhéidearthacht go sínfí seo chuig tíortha eile.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do Traidlinks, eagraíocht neamhrialtasach atá dírithe ar shaineolas earnáil an ghó in Éirinn a úsáid chun tacú le forbairt na hearnála príobháidí san Afraic. Chuir Cúnamh Éireann €1mhilliún ar fáil don tréimhse 2006 go 2008.
- Ballraíocht a ghlacadh leis an nGrúpa um Fhorbairt Bonneagair Phríobháidigh, grúpa deontóirí a úsáideann infheistíocht earnála príobháidí chun bonneagar ríthábhachtach a sholáthar. Tá maoiniú Chúnamh Éireann dírithe ar chláir a chuidíonn le daoine bochta rochtain a fháil ar leictreachas, ar uisce agus ar sheirbhísí sláintíochta. Chuir Cúnamh Éireann €3milliún ar fáil don tréimhse 2007 go 2008.
- Tá Cúnamh Éireann ar cheann de na príomhthacadóirí le Ciste Forbraíochta Earnáil Phríobháideach Mekong, príomhchlár forbraíochta na hearnála príobháidí a chuimsínn Vítneam, An Chambóid agus Laos. Cuirfidh Cúnamh Éireann €5.5 milliún ar fáil ó 2007 go 2012.
- Tá obair shonrach ullmhúcháin idir lámha sa Mhósaimbíc agus sa Tansáin chun forbairt a dhéanamh ar shaintionscadail san earnáil phríobháideach a d'fhéadfadh cur le cláir Chúnamh Éireann sna tíortha sin.

Tasc an chomhraic in aghaidh an bochtaineachta

Tá sé mar aidhm ag Éire tús áite a ghlacadh sa chomhrac in aghaidh na hollbhochtaineadchta. Léireoidh sainghrúpa an chaoi a mbainfear sin amach.

Tá sé mar aidhm ag Éire ról tosaigh a ghlacadh sa chomhrac domhanda in aghaidh na hollbhochtaineachta. Chuir Cúnamh Éireann Tascfhórsa Ocrais ar bun chun comhairle a sholáthar maidir leis an gcaoi déanamh amhlaidh.

Ar an Tascfhórsa Ocrais tá saineolaithe idirnáisiúnta agus daoine a bhfuil tuairimí láidre acu i dtaobh ocras domhanda, amhail Jeffrey Sachs ó Columbia University's Earth Institute, Pamela Anderson ón World Potato Centre, agus Bono. Ar na baill eile tá Lawrence Haddad ó Ollscoil Sussex, Denis Lucey ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh, Michael Gibney ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Tom Arnold ó Concern, Justin Kilcullen ó Trócaire agus an speisialtóir maidir le cumarsáid forbraíochta Nancy Aburi. Tá na tAire Talmhaíochta, Joe Walsh in chathaoirleach ar an Tascfhórsa.

Léirigh méadú mór le déanaí ar phraghsanna bia ar fud an domhain agus na círéibeacha bia práinn agus scála na faidhbe a bhaineann le bia. D'ainneoin dul chun cinn i dtáirgeadh bia le fiche nó tríocha bliain anuas, tá fairsinge an ocrais dhomhanda fanta beagnach gan athrú. Tá breis is 800 milliún duine i dtíortha forbraíochta ocrach. Tá fiche seacht faoin gcéad de gach leanbh faoin bhun cúig bliana d'aois sa domhan forbraíochta faoi-chothaithe. Faigheann beagnach deich milliún leanbh faoi bhun aois a cúig bás gach bliain, agus is iad ocras agus faoi-chothú is cúis le breis is leath de na básanna sin.

An aidhm atá ag an Tascfhórsa ná a fháil amach can iad na nithe breise a d'fhéadfadh Éire a dhéanamh chun ocras a laghdú agus ar an gcaoi sin cuidiú le baint amach na Sprice Forbartha Mílaoise a bhaineann le hocras domhanda a laghdú faoi leath faoin mbliain 2015

Tá obair Chúnamh Éireann dírithe ar dhul i ngleic leis na fadhbanna seo. Moladh sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann go gcuirfí an Tascfhórsa Ocrais ar bun. Cuideoidh sé le Cúnamh Éireann ról ceannródaíoch a bheith aige sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta.

"Tá breis is 800 milliún duine i dtíortha forbraíochta ocrach. Tá fiche seacht faoin gcéad de gach leanbh faoin bhun cúig bliana d'aois sa domhan forbraíochta faoi-chothaithe."

Ceannaireacht sa chomhrac in aghaidh VEID agus SEIF

Bhí toradh ar obair Chúnamh Éireann sa chomhrac in aghaidh na paindéime agus tugadh aitheantas don obair sin sa bhliain 2007.

Tugadh aitheantas d'Éirinn ar bhonn idirnáisiúnta de bharr a ceannaireachta i ndul i ngleic leis an bpaindéim VEID i mbliain inar tuairiscíodh go ndearnadh dul chun cinn sa chomhrac seo sa Mhósaimbíc agus i Leosóta.

Chuidigh tacaíocht Chúnamh Éireann cur leis an líon daoine sa Mhósaimbíc a fuair an chóireáil fhrith-aisvíris go dtí 78,000, agus seo méadú ó líon chomh beag le 2,000 sa bhliain 2002. Tá cúig huaire níos mó suíomhanna a chuireann an chóireáil ar fáil anois ná mar a bhí ann sa bhliain 2005. I Leosóta, cuirtear tacaíocht chothaitheach ar fáil do gach othar atá ag fáil na cóireála le haghaidh VEID, agus dá dteaghlaigh, agus tá breis is 250 oibrí sláinte sráidbhaile a oileadh sa bhainistíocht VEID agus SEIF.

Thug stiúrthóir Comhclár um VEID de chuid na Náisiún Aontaithe, Peter Piot, cuairt ar Éirinn sa bhliain 2007 agus mhol sé an tír as an gcineál ceannaireachta a léirigh sí ag rá go dtabharfadh a leithéid de cheannaireacht muid níos cóngaraí do dhomhan gan VEID.

"Thug stiúrthóir Comhclár um VEID de chuid na Náisiún Aontaithe, Peter Piot, cuairt ar Éirinn sa bhliain 2007 agus mhol sé an tír as an gcineál ceannaireachta a léirigh sí ag rá go dtabharfadh a leithéid de cheannaireacht muid níos cóngaraí do dhomhan gan VEID."

Tá an iarracht seo dul i ngleic le VEID agus SEIF ina phríomhthosaíocht i gcónaí ag Cúnamh Éireann. Le linn 2007 bhain Cúnamh Éireann a sprioc amach breis is €100 milliún a chaitheamh ar VEID agus SEIF, agus ar ghalair theagmhálacha eile.

Gheall Cúnamh Éireann €90 milliún thar thréimhse trí bliana don Chiste Domhanda don Chomhrac in aghaidh SEIF, Eitinne agus Maláire. De réir mheastacháin an chiste choinnigh sé 1.8 milliún duine ina mbeatha, chuir 1.1 milliún duine eile ar chóireáil VEID, 2.8 milliún duine ar chóireáil Eitinne agus dháil líonta leapa frithmhaláire ar 30 milliún duine.

Shroich Cúnamh Éireann a sprioc 20% d'acmhainní breise a chaitheamh ar idirghabhálacha a rachadh chun sochair a bhfuil VEID agus SEIF ag dul i gcion orthu. I measc na ngníomhaíochtaí ar dhírigh an Lá Domhanda SEIF orthu in Éirinn bhí feasacht maidir le tionchar na paindéime ar leanaí a spreagadh, agus d'aontaigh Éire a bheith ina hóstach ar cheathrú Fóram na gComhpháirtithe Domhanda um Leanaí ag maireachtáil le VEID agus SEIF, sa bhliain 2008. Díreoidh an fóram ardleibhéil seo ar chomhaontú ar idirghabhálacha tosaíochta don chosaint, tacaíocht agus chúram a mbeadh gá leo le haghaidh leanaí leochaileacha agus iadsan atá ina ndílleachtaí mar thoradh ar SEIF.

Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an bhfeachtas Náisiúnta Stamp Out Stigma, a fhéachann le dul i ngleic le haonrú, le héagóir agus le heaspa tacaíochta dóibh siúd atá ag maireachtáil le VEID agus SEIF in Éirinn agus i dtíortha eile. Seoladh suíomh gréasáin don fheachtas, www.stampoutstigma.ie, le teistiméireachtaí pearsanta ó dhaoine atá ag maireachtáil le VEID, craoladh fógraí náisiúnta agus scaipeadh torthaí tosaigh taighde.

Gníomhaíocht
Comhrac in aghaidh na paindéime domhanda VEID agus SEIF

Buiséad
€100 milliún

Príomhthoradh
Méadú ollmhór ar infhaighteacht na cóireála sa Mhósaimbíc

*Féach cás-staidéar thall

Cuidíonn an pórú coiníní le leanaí atá ag maireachtáil le VEID

Tugann Sandra Mujokoro tuairisc ón tSiombáib maidir leis an gcaoi a bhfuil coiníní ag cuidiú le leanaí leochaileacha a saol a chur ar bun arís.

Saol dian a bhí ag Gift Muchanjanja, atá 15 bliana d'aois, ó fuair a mháthair agus a athair bás sna blianta 2004 agus 2005 faoi seach. Leanbh aonair é, agus ó fuair a thuismitheoirí bás tá sé ina chónaí lena aintín, lena seisear páistí agus lena sheanmháthair, in Mandeya i nGleann Honde, oirthear na Siombáibe.

Tá Gift ar dhuine de na milliún leanbh sa tSiombáib atá ina dhílleachta toisc SEIF. De réir tuarascála a d'eisigh na Náisiúin Aontaithe sa bhliain 2006, tá breis is 15 mhilliún leanbh faoi bhun aois 18 ina ndílleachtaí de bharr an ghalair, ar fud an domhain. Luann an tuarascáil go dtarlóidh an chuid is measa de na básanna SEIF-bhainteacha sna deich mbliana atá romhainn de réir mar a scaipeann VEID i measc an daonra fhásta san Afraic fho-Shaharach, agus mar thoradh air seo go mbeidh na milliún leanbh eile gan tuismitheoirí.

I gcás na leanaí atá ina ndílleachtaí de bharr SEIF ní chláraíonn siad ar scoil go minic, cuirtear isteach ar a saol scoile, nó éiríonn go holc leo ar scoil dá bharr. Bíonn mórfhadhbanna acu ó thaobh táillí scoile agus éide scoile sa mhéid nach bhfuil sé d'acmhainn ag a gcúramóirí íoc astu seo.

Cuireann Gift síos ar an tionscadal Cúraim Bhaile um Chumhachtú na bhFear (CBCF), atá páirtmhaoinithe ag Cúnamh Éireann, agus ar gcaoi ar athraigh an tionscadal a shaol:

Insíonn Gift dúinn chomh deacair is a bhí sé ar a aintín agus a sheanmháthair dóthain bia a fháil don chlann ina raibh naonúr. Ní ba deacra fós ná airgead a fháil chun íoc as táillí scoile na leanaí, éadaí a cheannach dóibh agus óige shocair a chinntiú dóibh. Thosaigh CBCF tionscadal beostoic, ámh, a chuidigh leis íoc as a tháillí scoile agus saol níos fearr a chaitheamh lena ghaolta, trí choiníní a dhíol.

'Tá mo shaol athraithe ar fad. Bhí mise sa chéad ghrúpa a bhainfeadh fónamh as coiníní a dhíol', arsa Gift. Thosaigh Africare an tionscadal seo sa bhliain 2005. Is eagraíocht idirnáisiúnta neamhrialtasach Africare. Faoi láthair tá 70 leanbh páirteach sa tionscadal.

Dar le Clibert Kuuyangepi, 38, atá freagrach as na leanaí a thraenáil leis na coiníní seo a thógáil, tháinig feabhas mór ar shaol na leanaí seo de réir mar a bhí siad in ann airgead a thuilleamh dóibh féin. 'Anois ní bhíonn leanaí ag éirí as an scoil mar go bhfuil an t-airgead acu íoc as a dtáillí scoile féin', arsa Kuuyangepi. Thosaigh an tionscadal le sé choinín, a tugadh do na thrí leanbh, ar seisean.

Tugadh dhá choinín do gach leanbh le tógáil ar an tuiscint go dtabharfadh sé/sí an sliocht do leanbh eile a luaithe is a bhéarfaí iad. Thug gach leanbh ar a laghad dhá choinín óga ar ais don tionscadal, a díoladh níos déanaí chun cuidiú le leanaí leochaileacha eile.

'Bhí tionchar thar na bearta ag an tionscadal ar na leanaí. Ní hé amháin gur féidir leis na leanaí iad a féin a chur ar scoil, ach cuidíonn feoil na gcoiníní leis an réim bhia sa bhaile. Má tá othar sa bhaile, bíonn feoil de dhíth orthu seachas glasraí agus is mór an chabhair iad na coiníní', arsa Kuuyangepi. Tá Jane Nyandoro, 40, ar duine de na tuismitheoirí a bhain sochar as an bpáirt atá ag a mac sa tionscadal. Fuair a fear céile bás sa bhliain 2005, á fágáil le ceathrar leanaí. Roghnaíodh mac léi, Leesert Nyandoro, dalta i Rang a Dó i Scoil Muterere, le páirt a ghlacadh i dtionscadal beag beostoic sa bhliain 2006. Inniu, tá 13 coinín ag Leesert, agus anois tá sé níos fusa dó íoc as a tháillí scoile chomh maith le táillí a dheirfiúracha agus dheartháireacha. Dúirt sí gur chuidigh na coiníní go mór leis an leibhéal cothaíochta bia sa bhaile agus gur chuir siad go mór lena n-ioncam.

Tá Sandra Mujokoro ina ball den ghrúpa Key Correspondent Team of Health & Development Networks (HDN).
Féach www.healthdev.net le haghaidh tuilleadh eolais.

"Anois ní bhíonn leanaí ag éirí as an scoil mar go bhfuil an t-airgead acu íoc as a dtáillí scoile féin', arsa Kuuyangepi."

Comhrac in aghaidh na dTuilte.

Seoladh Fred Tottenham, loighisticeoir, chuig Caia sa Mhósaimbíc chun cuidiú leis an obair éigeandála nuair a chuaigh an Zambezi thar bruach.

"Láithreach bonn bhíomar i mbun fíoroibre, obair dhian chrua éigeandála. Bhíomar siar is aniar leis an obair ar feadh uaireanta fada, óna seacht a chlog ar maidin go dtí naoi nó deich istoíche.."

Spreag an obair seo é agus b'fhaoiseamh é tar éis dó a bheith sáite in oifig sa Mhósaimbíc le breis is mí anuas. Dá phostáil sa Chór Mearfhreagartha, seoladh é chun na príomhchathrach Maputo, ar Chlár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe, agus é ar scéim oiliúna ar an láthair.

Ní hé go raibh mórán oiliúna de dhíth air: é ina innealtóir meicniúil, bhí Fred, 29 bliain d'aois, tar éis oibriú ina loighisticeoir i Srí Lanca, tar éis an tsúnámaí, agus sa Niger le Goal.

Mar sin nuair a tháinig an deis chun cinn dul chuig tuaisceart Caia, áit ar asáitíodh 100,000 duine, thapaigh sé an deis go fonnmhar. In Caia, bhí fios a ghnó aige: ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí cúnaimh eile (lena n-áirítear Concern, Oxfam agus an Chros Dhearg), faoi bhrú, ag cur i bhfeidhm mearfheagairt éifeachtach.

An ról a bhí aige in Caia ná cuidiú le heagrú iompair don "bhraisle" loighistice. Cuireadh "braislí" i bhfeidhm mar bhealach le feabhas a chur ar an gcomhordú i measc gníomhaireachtaí cúnaimh tar éis shúnámaí na hÁise. Tá braislí gníomhaireachtaí cúnaimh sna príomhréimsí cúnaimh - loighistic, sláinte srl . - agus i ngach braisle, glacann gníomhaireacht amháin ceannaireacht chun leasa an phobail dhaonnúil iomláin a ghlacadh orthu féin. In Caia, ba é an CDB a ghlac freagracht as an mbraisle loighistice a rith, agus mar sin bhí Tottenham féin ina bhainisteoir agus ina chomhordaitheoir ar thrucailí faoi thiomáint ceithre roth, móide dhá bhád déag agus trí héileacaptar, a bhí ar cíos ag CDB thar ceann an phobail dhaonnúil go léir.

A bhuíochas leis an mbraisle cothaíodh dea-chaidrimh. Bhí ionad comhordúcháin ag rialtas Mhósaimbíc i lár na cathrach, agus d'oibrigh gníomhaireachtaí idirnáisiúnta na NA go léir as aon seomra amháin, 30 ball foirne nó mar sin ag roinnt ceangal idirlín, pointí cumhacha agus an rud is tábhachtaí ar fad - eolas.

"Más gá fadhb a réiteach, beidh na daoine ar ghá duit labhairt leo ag suí le do thaobh."

Loighistic chasta a bhí i gceist. Ní fhéadfaí teacht ar roinnt mhaith de na pobail cois abhann toisc na dtuilte, ach fós féin bhí an abhainn ró-éadomhain le haghaidh bád, agus mar sin bhí gá le héileacaptair. Bhí gá le freagairt an-ghasta i gcás cúpla ráig calair. D'éirigh go maith leis an gcomhordú, ámh - i measc na ngníomhaireachtaí, agus leis an rialtas - agus bhí roinnt mhaith de na hoibrithe tar éis bheith ag obair ar thuilte a tharla roimhe sin sa Mhósaimbíc (tá an Zambezi ag dul thar bruach níos minice le blianta beaga anuas ná mar a bhíodh), agus mar sin bhí siad in ann tús a chur leis an obair gan aon mhoill.

Tá an obair seo an-éagsúil ó obair Tottenham sa bhaile in Éirinn, mar a ritheann sé comhlacht sainchomhairliúcháin fuinnimh in-athnuaite a chuireann sainchomhairle ar fáil maidir le coirí sliseanna adhmaid, maille le feirm bheag a bhainistiú i gContae an Chláir. Is í an chodarsnacht seo, ámh, a mheall é chun oibre leis an gCór Mearfhreagartha. Tar éis dó bheith ag obair le Goal, agus taisteal ar fud na hAfraice (d'eagraigh sé railí Baile Átha Cliath - Dacár le roinnt dá chairde, a rinneadar i Volvo 740 a cheannaigh sé ar €300) - bealach "sceitimíní" na hoibre cúnaimh a chomhshnaidhmeadh lena shaol "socraithe" in Éirinn.

Ar dtús postáladh Tottenham in áit i bhfad ón obair sa ghort, ach a luaithe is a seoladh é chuig mol na hoibre, ag obair ar an mearfhreagairt, bhí sé ábalta a thaithí a chur i bhfeidhm agus foghlaim óna pháirt san obair mhórscála a bhíonn ar bun ag an CDB.

"Chuaigh an obair sa ghort go mór i bhfeidhm orm, ba mhór agam bheith páirteach ann", ar seisean.

"Más gá fadhb a réiteach, beidh na daoine ar ghá duit labhairt leo ag suí le do thaobh."

Dedza, An Mhósaimbic. Leanaí i scuaine ag fanacht le dáileadh plúir ag campa do Dhaoine Asáitithe go hInbmheánach (DAI).

Cúnamh éifeachtach cuntasach

Cinntítear go gcaitear an cúnamh ar bhonn follasach cuntasach éifeachtach ach meastóireachtaí agus iniúchóireachtaí rialta a dhéanamh ar chláir Chúnamh Éireann.

Sa bhliain 2007, bhí torthaí dearfacha ar na meastóireachtaí a rinneadh ar chlár Chúnamh Éireann sa Mhósaimbíc agus a obair le deontóirí eile in earnáil na sláinte sa Tansáin. Bhí Aonad Iniúchóireachta Chúnamh Éireann páirteach i dtacú le hobair na n-iniúchóirí náisiúnta san Aetóip, in Uganda, sa Mhósaimbíc agus i Leosóta, chomh maith le leanúint ar aghaidh ag forbairt a fheidhme iniúchóireachta, go hinmheánach agus ina chlárthíortha. Is dhá phróiseas ar leith iad an mheastóireacht agus an iniúchíoreacht, a dhearbhaíonn go gcaitear cistí poiblí chun na críche a bhí beartaithe agus go mbaintear amach luach ar airgead.

Meastóireacht

Tá ról ríthábhachtach ag meastóireacht na gclár ag Cúnamh Éireann chun ceachtanna a fhoghlaim agus tacú leis an gcreat cuntasachta foriomlán atá ag Cúnamh Éireann. I measc na mórmheastóireachtaí le linn 2007 bhí:

Meastóireacht ar Chlár Tíre Mhósaimbíc 2001-2006

Tá tosaíochtaí agus idirghabhálacha Chúnamh Éireann sa Mhósaimbíc 'ag teacht go maith le Straitéis Laghdaithe Bochtaineacht Mhósaimbíc' agus de réir pholasaí Chúnamh Éireann, dar le meastóireacht a rinneadh ar chlár Mhósaimbíc sa bhliain 2007. Sa mheastóireacht fuarthas go raibh éifeacht ar leith ag tacaíocht Chúnamh Éireann don rialtas áitiúil i ndáil le laghdú na bochtaineachta, le seirbhísí níos fearr a sholáthar, agus le hionchur a chur ar fáil sa phlé maidir le polasaí ag an leibhéal náisiúnta. Moladh ann go laghdófaí an líon earnálacha ina bhfuil páirt ag Cúnamh Éireann sa Mhósaimbíc, agus chomh maith leis sin go leanfadh Cúnamh Éireann lena iarrachtaí cumas a thógáil sa bhainistiú cistí poiblí ag gach leibhéal den rialtas. Reáchtáladh an mheastóireacht faoi Thionscnamh an Rialtais um Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Polasaí.

"Rinneadh dul chun cinn suntasach i laghdú mortlaíocht leanaí sa Tansáin, de réir na comh-mheastóireachta a rinneadh ar an earnáil sláinte."

Sular osclaíodh teach cúirte Pader sa bhliain 2006, bhí ar dhaoine 140 ciliméadar a thaisteal chuig an gcúirt is cóngaraí. Tacaíonn Cúnamh Éireann le rialtas Uganda freisin feabhas a chur ar a chóras dlí agus breithiúnach. A bhuíochas le rochtain níos fearr ar chúirteanna caitear níos lú ama ar athchur.

Comh-mheastóireacht ar an Earnáil Sláinte sa Tansáin

Rinneadh dul chun cinn suntasach i laghdú mortlaíocht leanaí sa Tansáin. Díol suntais é an feabhas atá tagtha ar infhaighteacht drugaí agus soláthar trealaimh d'fhoireann ospidéil. Sin roinnt de na torthaí ar chomh-mheastóireacht a rinneadh ar an earnáil sláinte, arna bhainistiú ag roinn mheastóireachta Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Danmhairge, agus ar ghlac Cúnamh Éireann páirt ann. Sa mheastóireacht fuarthas go raibh an comhoibriú idir an rialtas agus na deontóirí, Cúnamh Éireann ina measc, sa mheicníocht cómhaoiniúcháin ar an earnáil sláinte, an-éifeachtach i ndáil le daingniú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte áitiúla. Ní raibh an dul chun cinn sna hospidéil chomh gasta céanna, ámh, agus tríd is tríd, in ainneoin na bhfeabhsúchán, tá roinnt mhaith fanta le déanamh san earnáil sláinte, go háirithe d'fhonn mortlaíocht na máthar a laghdú.

Iniúchóireacht

In Uganda, chuidigh Cúnamh Éireann maoiniú a dhéanamh ar thionscadal teicneolaíochta faisnéise d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtach Oifig an Ard-Iniúchóra. Chuidigh Cúnamh Éireann freisin le hoifig tuaithe Ard-Iniúchóir Inmheánach Mhósaimbíc cur le raon na hoifige le go gcuimseodh sé leibhéal an cheantair, agus thacaigh le tógáil cumais na n-oifigí iniúchóireachta náisiúnta san Aetóip agus i Leosóta. Léiríonn na tionscnaimh seo an bhéim bhreise atá ar a bheith ag obair go dlúth le hinstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta i dtíortha comhpháirtíochta, ag féachaint le feabhas a chur ar bhainistíocht agus fhreagracht airgeadais - saincheisteanna ríthábhachtacha don laghdú bochtaineachta agus don fhorbairt.

Rinne Cúnamh Éireann dul chun cinn freisin sa daingniú ar an gcumas iniúchóireachta inmheánaí ag leibhéal na clártíre, agus líon na gcuairteanna iniúchóireachta a mhéadú, le béim ar chur i bhfeidhm mholtaí na hiniúchóireachta..

An ról atá ag an iniúchóireacht ná mionscrúdú neamhspleách a dhéanamh agus tuairisciú don bhainistíocht ar cibé acu an bhfuil cistí agus acmhainní á n-úsáid i gceart nó nach bhfuil. Tá sé ríthábhachtach do mhisean agus do shainchúram Chúnamh Éireann go gcaitear na cistí chun na críche beartaithe agus de réir na nósanna imeachta iomchuí. Cuimsíonn an obair a dhéanann aonad iniúchóireachta Chúnamh Éireann an obair a dhéanann an t-aonad féin, obair a ndéanann Cúnamh Éireann coimisiúnú uirthi agus obair a dhéanann gnólachtaí aitheanta iniúchóireachta idirnáisiúnta, agus obair a dhéanann institiúidí iniúchóireachta náisiúnta sna clárthíortha féin.

Maoirseacht agus comhairle

Cuidíonn bord comhairleach neamhspleách le Cúnamh Éireann a chinntiú go bhfuil a chláir éifeachtach agus cuntasach.

Cuireann Bord Comhairleach Chúnamh Éireann maoirseacht agus comhairle ar fáil don Aire Gnóthaí Eachtracha maidir le treo straitéiseach an Rialtais ó thaobh fhairsingiú a chláir chúnaimh. Tacaíonn sé freisin le taighde neamhspleách, déanann teagmháil le páirtithe leasmhara, agus oibríonn le Coiste Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha i ndáil le meastóireacht agus iniúchóireacht ar chláir Chúnamh Éireann.

Tá cúigear déag ar an mBord Comhairleach maille le cathaoirleach, a thagann ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear an earnáil neamhrialtasach, an tseirbhís phoiblí, na comhpháirtithe sóisialta, agus an earnáil ghnó. Fónann na baill seo go deonach agus is é/í an tAire a cheapann iad, ar bhonn pearsanta seachas sa chumas ionadaitheach. Tacaíonn rúnaireacht bheag le hobair an Bhoird agus tháinig le chéile sé huaire le linn 2007.

Maoirseacht agus comhairle

I measc na saincheisteanna a pléadh leis an Aire Stáit d'Fhorbairt Choigríche le linn 2007 bhí siad seo a leanas: cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin maidir le treo pholasaí Chúnamh Éireann; na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an athbhreithniú leanúnach bainistíochta ó thaobh ról an Choiste Chomhairligh de; forbairtí i gclárthíortha; soláthar foirne Chúnamh Éireann; agus dul chun cinn i dtreo na sprice bunaithe cúnaimh de 0.7% den Olltáirgeacht Náisiúnta.

Thug toscaireacht ón mBord Comhairleach cuairt ar an Mhaláiv, ar iarratas ón Aire, agus thug toscaireachtaí cuairt freisin ar Vítneam, ar an gCambóid, ar an Afraic Theas agus ar Leosóta, agus chuir breathnadóireachtaí agus moltaí ar fáil don Aire agus do Chúnamh Éireann.

Meastóireacht agus Iniúchóireacht

Sa bhliain 2007 cuireadh i gcrích staidéar taighde dar teideal 'Measuring Impact', a chomhurraigh an Coiste Iniúchóireachta agus an Bord Comhairleach. Tacóidh torthaí an taighde seo le cláir an dá fhoras sa bhliain 2008. Beidh comhoibriú ann idir an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta chomh maith ar athbhreithniú mhaoiniú Chúnamh Éireann do chistí agus do chláir na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2008.

Taighde

O 2003, thiomnaigh an Bord Comhairleach níos mó ná €3 milliún do thionscadail taighde lena raibh baint ag beagnach 100 taighdeoir in institiúidí in Éirinn, i dtíortha eile san Eoraip agus san Afraic. Dhéileáil na tionscadail críochnaithe le: comhtháthú polasaí le haghaidh forbartha; ról an tsochaí shibhialta i laghdú bochtaineachta; rialachas maith; tionchar a mheas; agus sláinte domhanda. Rinneadh achoimre ar na torthaí i imleabhar a haon de Thorthaí Taighde an Bhord Comhairleach.

"Thiomnaigh an Bord Comhairleach níos mó ná €3 milliún do thionscadail taighde lena raibh baint ag beagnach 100 taighdeoir in institiúidí in Éirinn."

Máithreacha nua, Ospidéal Mwanayamala, Dar es Salaam, An Tansáin, áit a saolaítear 40-60 naíonán gach lá. Tá Cúnamh Éireann ag tacú le Rialtas na Tansáine feabhas a chur ar an gcóras sláinte náisiúnta.

Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

D'fhreastail breis is 80 duine ar an naoú cruinniú den Fhóram Forbraíochta i mí Dheireadh Fómhair 2007, lena n-áirítear ionadaithe ó Dóchas (scátheagraíocht na n-eagraíochtaí forbraíochta in Éirinn), Irish Missionary Union, Irish Mission Resource Service agus Church Mission Society Ireland. Cuireadh torthaí taighde an Bhoird Chomhairligh i láthair ag an bhFóram i réimsí an rialachais agus na sochaí sibhialta, le béim ar leith ar na himpleachtaí a bheadh aige do dheontóirí agus do sholáthar cúnaimh.

Cáilíocht na gClár a Chosaint

Is bunchuid de cháilíocht chláir Chúnamh Éireann iad an cumas soláthair foirne agus bainistíochta. Tá maoiniú Chúnamh Éireann ag fás go han-ghasta, bliain i ndiaidh bliana, agus caithfear é seo a sheasamh agus a chaitheamh go héifeachtach. Ag an am céanna, tá an eagraíocht ag dílárú go Luimneach faoin bplean díláraithe.

Coiste Idir-rannach Forbraíochta

Seoladh an Coiste Idir-rannach Forbraíochta i mí Aibreáin 2007 lena chinntiú go mbeadh an cur chuige ag gach roinn rialtais i ndáil le saincheisteanna forbraíochta ina chur chuige comhleanúnach, agus chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an saineolas atá ar fáil ar fud na seirbhíse poiblí i gclár cúnaimh na hÉireann. Tá an tAire Stáit um Fhorbairt Choigríche ina chathaoirleach ar an gCoiste - coiste a bhfuil ról comhairleach aige, ar a bhfuil ionadaithe ó gach roinn agus a thuairisceodh gach bliain don Aire Gnóthaí Eachtracha.

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2007 agus lena linn bunaíodh dhá fhoghrúpa. An aidhm atá ag an bhfoghrúpa d'Eagraíochtaí Iltaobhacha ná a chinntiú go bhfuil cur chuige comhleanúnach idir-rannach ann i ndáil polasaí na hÉireann i ndáil le fóraim iltaobhacha, go háirithe na Náisiúin Aontaithe.

Féachann an foghrúpa Skills Sets le deiseanna a shainaithint trínar féidir le tíortha forbraíochta sochar a bhaint as raon scileanna atá ar fáil ar fud na seirbhíse poiblí in Éirinn.

Eisíonn an Bord Comhairleach a Thuarascáil Bhliantúil féin, atá ar fáil ag www.abia.gov.ie.

Feasacht a Mhúscailt

Tacaíonn Cúnamh Éireann le tionscadail ar fud chóras oideachais na hÉireann agus na sochaí sibhialta rannpháirtíocht ríthábhachtach a chothú i ndáil le saincheisteanna forbraíochta.

D'fhoghlaim leanaí ó bhreis is 450 bunscoil faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise sa bhliain 2007 mar chuid den chomórtas Our World Global Schools Award. Tá sé seo ar cheann amháin den raon tionscnamh a d'urraigh Cúnamh Éireann sa bhliain 2007 chun feasacht a mhúscailt i leith saincheisteanna forbraíochta agus saincheisteanna faoin gceartas domhanda, ag leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus ag an tríú leibhéal.

An aidhm atá ag oideachas forbraíochta ná an tsaoránacht ghníomhach a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal domhanda. Trí mheán an oideachais forbraíochta, tá súil ag Cúnamh Éireann an pháirt ríthábhachtach a bhíonn ag pobal na hÉireann i gclár Chúnamh Éireann a chothú maille leis na saincheisteanna atá mar bhonn leis. Chuige seo, seoladh straitéis oideachais forbraíochta i mí na Samhna 2007, dar teideal 'Promoting Public Engagement for Development'.

I measc ghníomhaíochtaí Chúnamh Éireann sa réimse seo le linn 2007 bhí :

Clár um Chomhoibriú Straitéiseach idir Cúnamh Éireann agus Institiúidí Ardoideachais agus Taighde 2007-2011 (€20.4 milliún thar thréimhse cúig bliana)

Bronnadh deontais arb ionann iad agus €7.3 milliún sa chéad bhabhta den mhaoiniú faoin gclár seo, a bhfuil mar aidhm aige tacú le taighde comhoibritheach agus comhpháirtíochtaí tógála cumais idir na hinstitiúidí ardoideachais in Éirinn agus i dtíortha forbraíochta.

Scéimeanna Maoiniúcháin an Oideachais Forbraíochta (€3.5 milliún)
Bronnadh seasca deontas ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar institiúidí oideachais atá ag obair i réimse an oideachais forbraíochta. Foilsíodh treoirlínte nua maoiniúcháin freisin.

WorldWise, Scéim Chúnamh Éireann um Scoileanna a Nascadh agus a Thumadh (€449,000)
Faoin scéim seo, a seoladh sa bhliain 2007, bronnadh deontais ar 28 iar-bhunscoil d'fhonn níos mó teagmhála a chothú i measc daoine i dtíortha forbraíochta. Tá an scéim seo á cur i bhfeidhm ag Léargas thar ceann Chúnamh Éireann.

Gradam Chúnamh Éireann do Nuálaithe Sóisialta Óga (€55,000)
Tá an gradam seo dírithe ar mhic léinn na hidirbhliana. Bhuaigh mic léinn ó Phobalscoil an Ghoirt, Co. na Gaillimhe gradam 2007 sa chatagóir 'Making Our World One World', as ucht a dtionscadail ar an stiomga agus an t-eisiamh a bhaineann le VEID agus SEIF.

An Gradam - Eolaíocht don Fhorbraíocht, Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT (€15,000)
Bhuaigh foireann ó Mheánscoil N. Iosaf, Westway, Doire, an gradam seo dá dtionscadal a bhain le forbairt a dhéanamh ar mhonarcha díshalannachúin inmharthana íseal-teic. Reáchtáiltear an gradam seo i gcomhar le Self Help Development International.

Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann
Cuireadh i gcrích an obair ar Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann sa bhliain 2007, roimh an oscailt oifigiúil a tharla i mí Eanáir 2008.

Fógraíodh bunú an Ionaid seo sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann (Meán Fómhair 2006). An aidhm atá leis an Ionad ná tuiscint i leith saincheisteanna forbraíochta a chothú chom maith le pointe amháin teagmhála a chur ar fáil do dhaoine a bheadh ag iarraidh cur leis an tsaoránacht ghníomhach dhomhanda, trí mheán na hoibre deonaí.

"D'fhorbair Scoil N. Iosaf monarcha díshalannúcháin talmhaíochta inmharthana íseal-teic, agus bhuaigh an tionscadal seo an Gradam Eolaíocht don Fhorbraíocht."

Ionad nua Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann ar Shráid Uí Chonaill Baile Átha Cliath1.

Tá taispeántas ilmheáin san ionad a léiríonn do chuairteoirí na dúshláin forbraíochta atá ann agus an chaoi a dtéann Cúnamh Éireann agus an pobal idirnáisiúnta i ngleic leis na dúshláin sin. Tá áis ar líne ar fáil san Ionad freisin, a chuireann síos ar an gclár saorálaíochta, maille le pacáiste eolais ar obair dheonach do dhaoine ar spéis leo é agus cruinnithe eolais leis na daoine sin ar iarratas uathu.

Is féidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha úsáid a bhaint as na háiseanna saor in aisce, ar an gcoinníoll go mbeadh na himeachtaí a reáchtálfaidís ag baint le cúrsaí forbraíochta agus oscailte don phobal. Is féidir leis an Ionad freastal ar thaispeántais shealadacha freisin.

Ceapadh clár oideachais do scoileanna don Ionad, le haghaidh daltaí iar-bhunscoile. Reáchtáladh clár píolótach do leanaí bunscoile freisin sa bhliain 2008.

Is ar Shráid Uí Chonaill atá an tIonad, tá cead isteach saor in aisce, bíonn taispeántais shealadacha ann maidir le cúrsaí forbraíochta agus tá sé ar oscailt sé lá in aghaidh na seachtaine. Ó d'oscail an tIonad a dhoirse thug breis is 14,000 duine cuairt air.

An Ciste Simon Cumbers Media Challenge
Scéim deontais do bhaill sna meáin chumarsáide atá sa chiste Simon Cumbers Media Challenge, atá ann chun go gcothófaí caighdeán níos fearr clúdaigh sna meáin in Éirinn ar chúrsaí forbraíochta agus go mbeadh tuilleadh clúdaigh ann. Bhunaigh Cúnamh Éireann an ciste seo sa bhliain 2005 i ndil chuimhne Simon Cumbers, iriseoir agus fear ceamara Éireannach.

Sa bhliain 2007 chuir Cúnamh Éireann €258,000 ar fáil don Chiste. Thacaigh sé seo le 17 alt sa phreas a bhain le forbraíocht thar lear agus chun síolmhaoiniú ar fáil do 9 dtionscadal teilifíse a bhain le cúrsaí forbraíochta. Déanann Connect-World an ciste a riar thar ceann Chúnamh Éireann.

Tacaíocht Chúnamh Éireann do Lá na hAfraice
Tugadh gealltanas sa Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann go dtacódh Cúnamh Éireann le himeachtaí in Éirinn d'fhonn tuiscint níos cuimsithí ar an Afraic a chothú in Éirinn, go háirithe imeachtaí chun Lá na hAfraice a cheiliúradh.

Déantar Lá na hAfraice a cheiliúradh ar an 25 Bealtaine gach bliain, mar chomóradh ar bhunú, sa bhliain 1963, ar Eagraíocht um Aontas na hAfraice (EAA), ar tháinig Aontas na hAfraice i gcomharba uirthi.

Thacaigh Cúnamh Éireann le himeachtaí chun Lá na hAfraice 2007 a cheiliúradh, lena n-áirítear cur ar scáileán saor in aisce ar an scannán Bamako in Ionad Scannán na hÉireann, léamh sleachta de chuid an scríbhneora Tansánaigh Abdulrazak Gurhah in Áras na Scríbhneoirí agus comhdháil ar Shíochánaíocht san Afraic in OÉ, Gaillimh.

Daoine a Fhorbairt

Cuidítear le tíortha bochta cur lena gcumas má chuirtear oiliúint iarchéime ar dhaoine lárnacha.

Chuir an Clár Oiliúna Comhaltachta maoiniú ar fáil sa bhliain 2007 le haghaidh 162 mac léinn le go gcuirfí oiliúint orthu ar chúrsaí a bhaineann le forbraíocht. Tháinig mic léinn ó eagraíochtaí na seirbhíse poiblí nó ó eagraíochtaí neamhrialtasacha i gclárthíortha Chúnamh Éireann agus i dtíortha forbraíochta eile, agus chuaigh siad i mbun staidéir in institiúidí in Éirinn nó ina réigiún féin.

An aidhm atá ag an gclár ná dul i ngleic leis na heasnaimh a chuireann bac le tíortha forbraíochta ach oiliúint a chur ar dhaoine lárnacha. Tá na gradaim chomhaltachta nasctha leis na tosaíochtaí arna leagan amach i straitéisí tíre Chúnamh Éireann. Tugann faighteoirí na gcomhaltachtaí gealltanas filleadh ar an mbaile i ndiaidh a staidéir, chun dul i mbun oibre arís agus a scileanna nua a chur i ngníomh chun sochair an phobail i gcoitinne. De ghnáth déantar na comhaltachtaí seo a thairiscint ag leibhéal máistreachta agus dioplóma iarchéime.

Cuireadh athbhreithniú mór ar an gClár Oiliúna Comhaltachta i gcrích le linn 2007. Aithníodh san athbhreithniú go gcuireann an clár go mór agus go feiceálach le tógáil cumais agus fuarthas gur bhain sciar suntasach de na comhaltachtaí amach a gcuspóir maidir le tógáil cumais.

An tIonad um Léann Forbraíochta, Camaí

Reáchtáiltear cúrsaí san Ionad um Léann Forbraíochta, Camaí, i léann na forbraíochta go háirithe do mhic léinn ó thíortha forbraíochta. Thug Cúnamh Éireann tacaíocht don ionad sa bhliain 2007 trí mheán croídheontais de €375,272 agus maoiniú comhaltachta de haghaidh 38 mac léinn.

Comhairle na hÉireann le haghaidh Mic Léinn Idirnáisiúnta

Tá ról tábhachtach ag Comhairle na hÉireann do Mhic Léinn Idirnáisiúnta i riaradh an Chláir Oiliúna Comhaltachta agus cuireann sí raon leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil a chuimsíonn leasa na ndaoine ar chomhaltacht agus riachtanais eile nach iad. Sa bhliain 2007, fuair an chomhairle maoiniú de €395,630 chun gnéithe eile den Chlár a riar.

Comhaltacht le haghaidh 2007

I measc na gcomhaltachtaí a bronnadh sa bhliain 2007 bhí ceann a bronnadh ar mhac léinn ó Chamarún chun máistreacht taighde a dhéanamh in Ollscoil Luimnigh dar teideal 'The European Union and Conflict Prevention in West Africa: an analysis of the principle of "local ownership"'. Bhí mic léinn eile i mbun raon cúrsaí staidéar, idir dhioplómaí i léann na forbraíochta agus chéimeanna máistreachta i mbainistíocht na hoidhreachta domhanda, oideachas, sláinte dhomhanda, léann coinbhleachta, teicneolaíocht agus comhairleoireacht. Léiríonn miondealú ar na mic léinn de réir náisiúntachta go raibh beirt mhac léinn ann ón mBurúin, 32 ón Aetóip, naonúr ó Leosóta, ceathrar ó Mhósaimbíc, beirt ón bPalaistín, duine ó Ruanda, 35 ón Tansáin, seisear ón Tíomór Thoir, 33 ó Uganda, beirt ó Vítneam agus 35 ón tSaimbia. Ní ar an Ionad um Léann na Forbraíochta, Camaí, amháin a d'fhreastail na mic léinn ar chomhaltachtaí ach ar na hinstitiúidí seo a leanas freisin: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, Coláiste an hOllscoile, Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus institiúidí éagsúla eile i dtíortha comhpháirtíochta agus na dtíortha comharsanachta.

Gníomhaíocht
Deontais do mhic léinn ó thíortha forbraíochta

Buiséad
€2.7 milliún

Príomhthoradh
Maoiniú do 162 mac léinn sa bhliain 2007

*See case study opposite

An Teanga Chéanna á Labhairt

Tá Belinda Lumbala, ón tSaimbia, i mbun Máistreachta i Léann na Forbraíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus í á dhéanamh le tacaíocht ón gClár Oiliúna Comhaltachta de chuid Chúnamh Éireann. Bhíodh sí ag obair ina hoibrí forbraíochta 'sa ghort', agus tá sí anois ina hoifigeach i Roinn Airgeadais na Saimbia, áit a n-oibríonn sí i gcomhar le deontóirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cúnamh Éireann, d'fhonn feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí lárnacha amhail sláinte agus oideachas. Tá a cuid oibre treoraithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta, a cheap rialtas na Saimbia i gcomhar le deontóirí idirnáisiúnta.

Cuireann Belinda Lumbala síos, anseo a leanas, ar an gcaoi a gcuideoidh a cuid staidéir anseo in Éirinn léi ina cuid oibre san fhorbraíocht náisiúnta sa tSaimbia.

Chuir mo thréimhse in Éirinn go mór le mo thuiscint agus mo dhearcadh. Fuair mé an deis rudaí a fheiceáil ón dearcadh idirnáisiúnta agus foghlaim ó thaithí forbraíochta i dtíortha eile. Rinne mé staidéar ar shaincheisteanna amhail slándáil bia, caidreamh idirnáisiúnta, teoiric na forbraíochta agus geilleagair sa tréimhse trasdula. Chuir sé seo go léir le mo thuiscint ar an scéal idirnáisiúnta, réimse nach raibh mórán eolais agam air roimhe seo.

